



Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil 2007



Cairt Chustaiméara an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

Déanann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann a dícheall bealach cóir inrochtana a chur ar fáil atá éasca a úsáid le breithiúnas a thabhairt ar chásanna agus é sin a dhéanamh chomh gasta agus is féidir.

Cuirim isteach leis seo mo Thuarascáil Bhliantúil mar Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann don bhliain 2007 de bhun Alt 7 den Acht Ombudsman {Óglaigh na hÉireann} 2004.

Is é seo an dara Tuarascáil Bhliantúil a cuireadh isteach maidir le hobair an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann ó bunaíodh é ar an 1 Nollaig 2005.



Paulyn Marrinan Quinn, SC
Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

ARNA FHOILSIÚ AG AN
OMBUDSMAN D'ÓGLAIGH NA HÉIREANN
© 2008

Clár

I	Reamhrá	4
II	Buaicphointí 2007	9
III	Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc	11
IV	Saolré Ghearáin	21
V	Tráchttaireacht ar Cheisteanna a d’eascair as Cásanna le linn 2007	22
VI	Cás-staidéir	27
VII	Gnóthaí Corparáideacha	47
VIII	Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	51

I

Réamhrá an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, Paulyn Marrinan Quinn, SC

Is le bród a chuirim é seo, mo dhara Tuarascáil Bhliantúil mar Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann i láthair. Ba bhliain an-ghnóthach, an-dúshlánach agus an-suntasach í 2007 don OÓÉ.

Tá an méid againn a bhfuil suim phaiseanta again i dteoiric agus i gcleachtas an Ombudsman feasach de shíor go bhfuil sé rithábhachtach do rath mhisean an Ombudsman go bhfaightear iontaobh agus muinín na gcustaiméirí agus pobail a bhfuil an Oifig seo ag freastal orthu.

Nuair a cheap an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa mé i m'Ombudsman bunaitheach Óglaigh na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2005, ba cheann de mo spriocanna é a chinntiú go raibh gach páirtí leasmhar, go háirithe comhaltaí agus iarchomhaltaí na nÓglach, ar an eolas faoi ról agus fhreagracht an OÓÉ, a cumhacht agus a teorainneacha.

Bhí tréimhse ama measartha gearr agam chun a chur ina luí ar chomhaltaí na nÓglach go mbreathnófaí ar ghearáin a atreoraíodh chugamsa ar bhealach neamhchlaonta neamhlaofa cóir.

Le linn 2007 mhéadaigh an líon cásanna a fuair mé le haghaidh m'athbhreithnithe faoi 192%. Creidim go léiríonn an fhorbairt seo tuiscint agus muinín atá ag fás i measc comhaltaí agus iarchomhaltaí na nÓglach san OÓÉ.

Is léir gur chruthaigh an t-ualach oibre méadaithe seo dúshlán ó thaobh soláthair foirne agus acmhainní de. Ach is rud níos tábhachtaí é gur chomhartha é an t-ualach oibre seo gur bhunaigh an OÓÉ é féin sa phobal míleata laistigh de thréimhse ama measartha gearr.

Chomh maith leis an líon méadaithe cásanna a atreoraíodh chugam le linn 2007, tháinig ceithre chás aníos den chéad uair a bhain le líomhaintí maidir le bulaíocht agus ciapadh. Is forbairt shuaithinseach é seo mar gur féidir a argóint go léiríonn sé go bhfuil muinín ag comhaltaí agus iarchomhaltaí na nÓglach as an OÓÉ chun déileáil le cúrsaí atá pearsanta agus an-tromchúiseach, leis an uasmhéid rúndachta agus oibiachtúlachta.

Is beag a shíl mé go n-iarrfaí orm, chomh luath sin tar éis don OÓÉ a bheith bunaithe sa dhlínse seo, cuidiú a thabhairt dóibh siúd i dtíortha eile atá ag scrúdú ról an Ombudsman i gcomhthéacs míleata. Le 12 mhí anuas, thug mé faisnéis d'oifigigh as an Eoraip agus an Áise as réimsí dioplómaitiúla agus an Ombudsman maidir le ról agus sainchúram na hOifige seo. Ba phribhléid mhór é baint a bheith agam le faisnéis agus treoir a chur ar fáil do thíortha eile maidir le bunú a leithéidí d'Oifig ó láithreán úrnua agus mo chuid eolais agus taithí sa réimse seo a roinnt.

Is dearbhú é an tsuim idirnáisiúnta seo san OÓÉ d'fhís agus tiomantas na ndaoine in eagraíochtaí ionadaíocha na nÓglach, Óglaigh na hÉireann iad féin agus iad siúd sa réimse polaitíochta a thug tacaíocht do bhunú an OÓÉ ar bhunús rialála. Creidim go láidir go mbeidh tionchar leathan ag an nuálaíocht a fógraíodh leis an Acht Ombudsman {Óglaigh na hÉireann}, 2004, de réir mar a scrúdaíonn tíortha eile a nósanna imeachta chun déileáil le casaidí i gcomhthéacs a bhFórsaí Armtha.

Tá sé tábhachtach, ní hé amháin go mbeadh Ombudsman neamhspleách agus neamhchlaonta, ach go bhfeictear go bhfuil sé/sí mar sin. Braitheann an tOmbudsman go mór ar dhea-thoil agus ar mheon macánta na ngearánaithe agus na n-eagraíochtaí a bhfuil an gearán á dhéanamh ina aghaidh araon. Bhí seo soiléir sa mhórchuid de na cásanna a atreoraíodh chugam agus is údar sásaimh domsa é go dtaispeántar an meas seo, meas nach dtiocfadh le hOmbudsman feidhmiú dá uireasa, don Oifig seo.

Braitheann dul chun cinn agus gnóthachtáil an OÓÉ ar an gcomhoibriú agus meas leanúnach a thugann na hÓglaigh don Oifig seo faoi cheannas an Chinn Foirne, Leifteanantginearál, Dermot Early, an tAire Cosanta, Willie O'Dea, TD, agus na hoifigigh sa Roinn Cosanta. Tá an comhoibriú seo ríthábhachtach do sheachadadh éifeachtach rathúil na seirbhíse agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt go foirmiúil don méid a rinne siad le linn 2007.

Tháinig méadú de níos mó ná 100% ar an líon casaoidí a próiseáladh trí nós imeachta Sásamh in Éagóracha (SiÉ) na nÓglach idir 2006 agus 2007, ag dul ó 76 go 168. I 2006 agus 2007, atreoraíodh thart ar 30% de na cásanna go léir a próiseáladh trí nós imeachta SiÉ na nÓglach chugamsa le haghaidh breathnaithe. Tháinig fás suntasach chomh maith le linn 2007 ar an líon cásanna a chuir iarchomhaltaí na nÓglach chugam go díreach. Ag réamh-mheas na ndúshlán atá amach romhainn, tá sé réasúnta a rá go méadóidh na héilimh ar an Oifig seo thar na blianta amach anseo.

Ag leanúint ar aghaidh ón bplean straitéiseach a dhréachtaigh mé don OÓÉ nuair a ceapadh mé i 2005, rinne mé athbhreithniú inniúlachta inmheánaí ar sholáthar foirne agus acmhainní na hOifige seo le linn 2007 siocair na hoibre a rinneadh i 2006 agus na treocheaí a léiríodh sa chéad ráithe de 2007.

Ba thráthúil é an t-athbhreithniú seo agus rinneadh é chun a chinntiú go dtiocfadh leis an OÓÉ an leibhéal riachtanach de sheirbhís ghairmiúil a sholáthar agus rioscaí a láimhseáil a thiocfadh a bheith ina mbagairtí ag éifeachtacht na hOifige. D'fhoirmigh an t-athbhreithniú m'aighneacht leis an Roinn Cosanta le haghaidh tuilleadh ball foirne agus cóiríocht chuí oifige. Tá mé ag súil go mór le dul chun cinn a bhaint amach maidir leis na hacmhainní seo le linn 2008. Tá foireann agus acmhainní leordhóthanach riachtanach chun go bhféidir leis an Oifig seo a tiomantas d'ardchaighdeáin seirbhíse a chomhlíonadh.

Chomh maith leis na ceisteanna praiticiúla seo, baineann ceann de na dúshláin polasaí is mó atá roimh an OÓÉ, agus an réimse réitigh díospóidí i gcomhthéacs míleata, le ceist an leighis nuair a mheastar go bhfuil nósanna imeachta nó próisis míchóir nó curtha i bhfeidhm go mícheart.

Mar a fheictear ón rannóg Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc sa Tuarascáil seo, tá baint ag cuid mhór de na cúrsaí atá i gceist le dul chun cinn gairmiúil. Baineann líon suntasach de chásanna le ceisteanna faoi ardú céime, cúrsaí gairme agus, de mhéid níos lú, le seirbhís thar lear. I 2007, mar shampla, rinne na cúiseanna seo suas 56% de na cásanna a atreoraíodh chuig an Oifig seo. Nuair a sheastar le gearán nó achomharc den chineál seo i bhfabhar an ghearánaí, bíonn an cheist maidir le leigheas oiriúnach don chomhalta i gceist deacair agus aimhréidh go minic.

Go minic ní bhíonn mórán ama idir fógairt torthaí próisis roghnúcháin nó arduithe céime agus tús an chúrsa gairme nó ardú céime sin. Má chinneann duine achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh sin tríd an nós imeachta SiÉ agus má dhéanann siad achomharc ansin ar chinneadh an Chinn Foirne leis an Oifig seo tá seans ann go mbeidh deireadh tagtha leis an gcúrsa gairme sin nó an t-ardú céime, cinneadh déanta, ceapachán déanta nó tús curtha le cúrsa. Sa chás sin, dá seasfaí leis an ngearán, bheadh sé neamhphraiticiúil ar réimse fáthanna an próiseas agallaimh nó an nós imeachta roghnúcháin a athoscailt nó a chur ar ceal mar go mbeadh comhalta eile san phost conspóidte.

Is féidir leis an méid céanna deacrachtaí a bheith ag baint le bealach eile a aimsiú chun sásamh a thabhairt. Mar shampla, má dhéanann an gearán tagairt do sheirbhís thar lear, seans go sílfeadh duine go mbeadh sé oiriúnach a chinntiú go dtugtar an duine faoi bhráid le haghaidh imlonnaithe don chéad phostú eile thar lear. Ach is féidir nach mbeidh an tacar de scileanna atá de dhíth don phostú sin thar lear mar an gcéanna leis na scileanna agus taithí atá ag an duine atá i gceist. Bímse de shíor ag cuimhneamh ar mo fhreagracht, de réir an Achta, meas a bheith agam ar riachtanais oibríochtúla na nÓglach.

Is ceann de phrionsabail mholtóireachta é na go gcuirfí leigheas oiriúnach ar fáil do dhuine a ndearnadh éagóir air/uirthi chun drochéifeachtaí an ghnímh a chúisigh an chasaoid a mhaolú, leigheas atá comhréireach, a mhéid is indéanta, agus a chuireann an duine ar ais sa stádas ina raibh siad, sular tharla an éagóir, nó a thugann cúiteamh ar bhealach eile don éagothroime nó míriarachán. Taifeadtar roinnt de na cásanna a chuirtear ar aghaidh chuig an Oifig seo faoin chatagóir ‘míriarachán’, a chlúdaíonn raon leathan d’earráidí agus iompar míchuí líomhnaithe. Tá roinnt acu tromchúiseach, seans go bhfuil roinnt eile ann nach bhfuil chomh tromchúiseach, ach a bhfuil torthaí acu atá díréireach leis an ngníomh féin.

Tuigim go maith go bhfuil dúshláin shuntasacha don cheannasaíocht mhíleata ag baint le haimsiú leighis atá oiriúnach chun cúiteamh a thabhairt do dhuine ar dhócha gur buaileadh iad le nósanna imeachta éagothroime nó míriarachán. Tá sé ina chúis imní agamsa gur féidir le leigheas ar éagóir amháin éagóir eile a chruthú do chomhalta eile. Níl aon réiteach simplí ann ar an gceist seo.

Ag breathnú chun cinn, tá súil agam tabhairt faoi phlé cuiditheach leis na páirtithe leasmhara go léir faoin gceist seo i dtreo creat chuí a bhunú chun leigheasanna comhréireacha a sheachadadh, creat a sheasann le cearta an duine ar a ndearnadh éagóir sásamh a fháil agus meas acu ar phraiticiúlacht na timpeallachta míleata ag an am céanna.

Níl an cheist seo, mar an gcéanna le go leor gnéithe eile de mhaoirseacht shibhialta ar nósanna imeachta míleata, simplí in aon chor. Tá an OÓÉ ag feidhmiú le dhá bhliain anuas anois, ámh, agus sílim go bhfuil sé ceart agus cóir a bhaint de thátal as go raibh an mór-chinneadh córas neamhchlaonta neamspleách a sholáthar le haghaidh achomhairc maidir le héagóracha líomhnaithe chun leasa gach páirtithe leasmhara.

Níl aon amhras ann ach go dtugann an OÓÉ luach ar airgead. Is bealach amháin é chun an luach sin a mheasúnú ná comparáid a dhéanamh idir na costais a bhaineann le hagóid a dhéanamh trí Athbhreithniú Breithiúnach san Ard-Chúirt nó caingean dlí eile, mar go mbaineann an mhórchuid de chásanna le hagóidí in aghaidh cinntí a dhéanann na húdaráis mhíleata le tagairt faoi leith do cé acu ar úsáid na húdaráis sin nósanna imeachta cearta nó nár úsáid.

Is fíor a rá go réiteoidh Ombudsman cás ar chostas níos ísle, ach, rud atá níos suntasaí, soláthraíonn an OÓÉ rochtain ar mhodh achomhairc agus athbhreithnithe do na comhaltaí go léir, chomh maith le hiarchomhaltaí incháilithe de chuid Óglaigh na hÉireann, agus ar an dóigh seo tá sé ag leathnú rochtana ar an gceart i gcomhthéacs neamh-sháraíoch. Tugann sé deis do ghearánaithe, ar féidir iad a bheith díspreagtha ó imeachtaí dlí a thionscnamh siocair na gcostas a bheadh i gceist, a gcásanna a thabhairt faoi bhinse neamhspleách, deis nach mbeadh acu gan é.

Cé nach bhfuil diansrianta ar an Ombudsman mar gheall ar fhasach dlí, tá teacht chun cinn na dlí-eolaíochta le caitheamh ama dosheachanta agus inmhianaithe mar bhealach chun cosc a chur ar atarlú cúiseanna gearáin. Sin ráite, déantar gach cás a atreoraítear chugamsa a bhreathnú ar a bhonn féin.

Ní thiocfadh an dul chun cinn a baineadh amach le dhá bhliain anuas tarlú gan ceannasaíocht thiomanta mhuiníneach, go háirithe laistigh de struchtúr an cheannais mhíleata. Is ceann de shainmharcanna ceannasaíochta sa chomhthéacs seo an cumas na buntáistí a bhaineann le hathrú a aithint, nósanna imeachta lochtacha a aithint agus athchóiriú oiriúnach a thionscnamh. Ba cheart go ndearcfaí ar láithreach Ombudsman, agus ar an rochtain air/uirthi, mar shócmhainn ar cheart d'eagraíocht agus a chomhchomhaltaí a úsáid ar bhealach chomh cliste agus is féidir.

Maidir leis sin, tá aitheantas foirmiúil sa Tuarascáil Bhliantúil seo tuillte ag fíis agus críonnacht an iar-Chinn Foirne, an Leifteanantginearál Jim Sreenan, a bhí ina Cheann Foirne go dtí mí an Mheithimh 2007. Bhí a thacaíocht agus a dhearcadh forchéimnitheach ríthábhachtach do bhunú sheasaimh na hOifige seo le linn a chéad 18 mí ag feidhmiú agus tá a fhios agam gur fhoirmigh an fhadbhreathnaitheacht a thaispeáin sé dearcadh an airm i dtaobh an OÓÉ. D'éirigh an Leifteanantginearál as a phost i mí an Mheithimh 2007 agus ba mhaith liom gach rath a ghuí air ón Oifig seo don todhchaí.

Is é freagracht ceann de chrainn taca aitheanta obair an Ombudsman. Tá súil agam go gcuirfidh an Tuarascáil Bhliantúil seo cuntas beacht infhaighte cuimsitheach ar fáil do na pobail go léir a bhfreastalaíonn an Oifig seo orthu.

Le linn 2007, rinne m'fhoireann agus mé féin iarracht a chinntiú gur stiúradh prionsabail an Ombudsman – neamhspleáchas, cothroime agus neamhchlaontacht – ár n-obair. Bhí caighdeán an chleachtais is fearr le haghaidh Ombudsman mar bhonn agus thaca le hobair an OÓÉ i gcónaí agus oibrímid go leanúnach chun na caighdeáin sin a fheabhsú. Caithfidh mé m'fhóirbhuíochas a chur in iúl dóibh siúd a d'oibrigh faoi bhrú mar pháirt de m'fhoireann agus iad ag déileáil leis na cásanna ag gach céim den phróiseas agus, go deimhin, dóibh siúd a chabhraigh liom an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur le chéile.

Cuirfidh an Tuarascáil Bhliantúil seo ar chumas daoine a dtuairimí féin a chumadh maidir le rannpháirtíocht agus luach an OÓÉ le linn 2007 i dtaobh chomhlíonadh a dualgas tábhachtach rialála. Leag mé amach sa rannóg Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc miondealú ar na cásanna a fuarthas le linn na bliana, atá le feiceáil chomh maith sna cás-staidéir anaithnide atá i rannóg eile den Tuarascáil Bhliantúil seo.

Go pearsanta, is cúis umhalaíochta agus dúshláin dom an muinín a chuireann daoine nár casadh orm riamh ionam, ach a nochtann sonraí an-phearsanta dá saoil dom le linn a gcásanna. Níor chóir go ndéanfaí beag is fiú den mhuinín sin choíche nó go ndéanfaí feall air. Ní féidir le hOmbudsman leigheas a sholáthar mura bhfuil leigheas ann, a dhath níos mó ná mar is féidir leis/léi gach rud a chur ina cheart i ndomhan atá neamhfhoirfe. Is é a chaithfidh Ombudsman a dhéanamh ná iarracht a chinntiú go gcaitear le daoine, le linn cáis, leis an meas agus an dínit atá ag dul dóibh.



Paulyn Marrinan Quinn, SC
Ombudsman d'Óglaiġ na hÉireann

Buaicphointí 2007

- Fuarthas 168 Fógra maidir le Sásamh in Éagóracha {SiÉ}, méadú 121% i gcomparáid le 2006.
- Atreoraíodh 76 cás chuig an Oifig seo, méadú 192% i gcomparáid le 2006.
- Eisíodh 39 Réamhthuirisc Dearcaidh {RD}.
- Eisíodh 29 Tuairisc Deiridh, agus seasadh le 20 cás.
- Tharla leathnú suntasach ar na forais air ar thaisc daoine achomharc nó gearán leis an OÓÉ. Fuair an Oifig seo gearáin maidir le bulaíocht agus ciapadh den chéad uair le linn 2007.
- Tharla méadú suntasach ar an úsáid a bhain céimeanna sinsearacha as an Oifig seo – tháinig 17 de na 76 cás a atreoraíodh chuig an Oifig seo ó chéim Leifteanant nó níos airde.
- Fuarthas cásanna ó chomhaltaí agus iar-chomhaltaí na Seirbhíse Cabhlaigh agus an Aerchóir den chéad uair.
- Bhí fianaise shoiléir ann go bhfuil sainchúram na hOifige seo á chur in iúl do dhaoine go soiléir, nó tharla laghdú ar na cásanna a cuireadh ar aghaidh a bhí lasmuigh de théarmaí tagartha an OÓÉ maidir le teorainneacha ama nó an riachtanas nós imeachta SiÉ na nÓglach a úsáid ar dtús.
- Bhí suim shuntasach i mbunú agus ról na hOifige seo, as a dtáinig cruinnithe faisnéise sonracha le hionadaithe dioplómaitiúla agus ionadaithe Ombudsman ón Áise agus ón Eoraip.
- Bhí an OÓÉ i láthair ag comhdháil an British and Irish Ombudsman Association agus ag ócáidí a d'eagraigh eagraíochtaí ionadaíocha na nÓglach – RACO agus ONET; ag bronnadh ar mhic léinn ag Dun Ui Mhaoiliosa, Gaillimh agus ar cheannasaithe ag Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann, Campa an Churraigh, Cill Dara.
- Forbairt leanúnach ar an suíomh gréasáin www.odf.ie agus uirlisí cumarsáide eile. Fuair www.odf.ie 19,420 amas aonair le linn 2007.
- Rinneadh athbhreithniú inniúlachta ar sholáthar foirne agus acmhainní an OÓÉ ó tharla an chéad bhliain in oibríocht agus treochtaí sa chéad ráithe de 2007. Bhí an t-athbhreithniú seo mar bhonn le haighneachtaí chuig an Roinn Cosanta maidir le riachtanais soláthar foirne agus cóiríochta.

*Sula n-atreoraíonn baill d'Óglaigh na hÉireann
atá ag fónamh gearán chugamsa ní foláir dóibh
úsáid a bhaint as an nós imeachta SiÉ ar dtús.
Féadfaidh iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann
teagmháil a dhéanamh liomsa caol díreach
ach scríobh chugam nó gearán a phriontáil
ó www.odf.ie*



Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc

Fógairt Gearáin de réir Alt 114 den Acht Cosanta

Sular féidir leis an Oifig seo imscrúdú a thionscnamh, caithfidh baill de na hÓglaigh atá ag fónamh gearán a thaisceadh ar dtús trí nós imeachta Sásamh in Éagóracha (SiÉ).

De réir Alt 13 d'Acht Ombudsman {Óglaigh na hÉireann}, 2004, tá sé riachtanach go bhfógrófaí gach gearán dá leithéid d'Ombudsman Óglaigh na hÉireann agus don Aire Cosanta. Soláthraíonn an mheicníocht seo maoirsiú tábhachtach ar an bpróiseas casaoide inmheánach laistigh de na hÓglaigh. Déanann an Oifig seo monatóireacht ghéar ar na Fógraí Gearáin a fhaightear agus leanann sí iad go gníomhach leis na húdaráis mhíleatacha nuair atá an tréimhse de 28 lá a cheadaítear do réiteach de réir na bhforálacha seo caite.

I 2007 cuireadh 168 gearán i bhfios dom a rinne Buanchomhaltaí agus comhaltaí Cúltaca na nÓglach.

Fógraí Gearáin de réir Alt 114 den Acht Cosanta:

2007	2006	MÉADÚ
168	76	121%

Den 168 cás seo, rinneadh achomharc ar 46 díobh leis an Oifig seo. Seasann seo do 27% de gach cás a rinneadh tríd an nós imeachta SiÉ.

Réitíodh nó aistarraingíodh 73 cás {44%} le linn an nós imeachta SiÉ. Bhí aghaidh á thabhairt ar 49 cás {29%} tríd an nós imeachta Sié ag 31 Nollag 2007.

Gearáin a fuair an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann go díreach

Is féidir le hiarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann gearáin a atreorú go díreach chuig an Oifig seo, faoi réir coinníollacha áirithe. Ina theannta sin, atreoraítear aon ghearán a bhfuil baint aige le cáinean a thugann státseirbhíseach go díreach chuig an Oifig seo.

I 2007, fuair an Oifig seo 15 ghearán go díreach, méadú suntasach ar an dá ghearán a fuarthas ar an dóigh seo le linn 2006.

Líon iomlán na ngearán nó achomharc a atreoraíodh le linn 2007

Atreoraíodh 76 gearán nó achomharc chuig an Oifig seo le linn 2007. Díobh seo:

- Rinneadh 46 cás a achomharc tar éis breathnaithe Sásamh in Éagóracha.
- Taisceadh 15 ghearán go díreach leis an Oifig seo.
- Tugadh 15 chás ar aghaidh ó 2006.

An líon iomlán gearán nó achomharc a atreoraíodh:

2007	2006	MEADÚ
76	26	192%

Stádas na ngearán nó achomharc a atreoraíodh

As na 76 cás a atreoraíodh le linn 2007:

- Eisíodh 39 Réamhthuirisc Dearcaidh chuig na páirtithe bainteacha, cothrom le 51% d'iomlán na gcásanna a atreoraíodh.
- Eisíodh 29 Tuarascáil Deiridh tar éis freagraí a fuarthas ar na Réamhthuiriscí Dearcaidh, cothrom le 38% d'iomlán na gcásanna a atreoraíodh.
- Ag 31 Nollaig 2007 bhí an Oifig seo ag fanacht le freagraí ar 10 Réamhthuirisc Dearcaidh a eisíodh le linn 2007.
- Bhí 36 cás fós á mbreithniú ag 31 Nollag 2007.
- Aistarraingíodh cás amháin a bhí le hathbhreithniú agam.

Fáthanna le gearáin agus le hachomhairc

Is iad seo a leanas na forais a bhí leis na 76 cás seo:

- Bhí baint ag 30 le neamhroghnúchán d'ardú céime.
- Bhí baint ag 10 le neamhroghnúchán do chúrsa gairme.
- Bhí baint ag 4 le bulaíocht agus ciapadh.
- Bhí baint ag 3 le neamhroghnúchán d'fhónamh thar lear.
- Bhí baint ag 29 le hábhair éagsúla a thiocfadh faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas: míriarachán agus athruithe a chur i ngníomh.

Tháinig laghdú suntasach ar an líon cásanna a atreoraíodh, ar cásanna iad a bhí bainteach le neamhroghnúchán do chúrsa gairme le linn 2007. I 2006 rinne na cásanna sin suas 31% de na cásanna go léir a atreoraíodh, i gcomparáid le 13% i 2007.

Mar an gcéanna, tháinig laghdú suntasach ar an líon cásanna a atreoraíodh a bhí bainteach le neamhroghnúchán d'fhónamh thar lear. Ní dhearna na cásanna seo suas ach 4% d'iomlán na gcásanna i 2007, i gcomparáid le 15% d'iomlán na gcásanna i 2006.

Rinne cásanna a raibh baint acu le neamhroghnúchán d'ardú céime suas 39% d'iomlán na gcásanna a atreoraíodh i 2007, méadú ó 35% i 2006.

Mar a luadh thuas, i 2007 atreoraíodh chuig an Oifig seo cásanna a bhain le bulaíocht agus ciapadh den chéad uair. Rinne na cásanna seo suas 5% d'iomlán na gcásanna a atreoraíodh le linn 2007.


FÁTHANNA LE GEARÁN NÓ

LE HACHOMHARC	2007	2006	ATHRÚ 2007 - 2006
Neamhroghnúchán d'Ardú Céime	30 {39%}	9 {35%}	+ 4%
Neamhroghnúchán do Chúrsa Gairme	10 {13%}	8 {31%}	- 18%
Neamhroghnúchán d'Fhónamh Thar Lear	03 {4%}	4 {15%}	- 11%
Ábhair Eile	29 {38%}	5 {19%}	+ 20%
Bulaíocht agus Ciapadh	04 {5%}	0	-
Iomlán	76 {100%}	26 {100%}	-

Torthaí na gcásanna inar eisíodh Tuarascáil Deiridh:

Eisíodh 29 Tuarascáil Deiridh le linn 2007. Díobh seo:

- Seasadh le 20 cás.
- Níor seasadh le 4 chás.
- Seasadh le cuid de chás amháin.
- Tugadh an breithiúnas go raibh 4 chás Lasmuigh de na Téarmaí Tagartha.



Gearáin a rinne Buanchomhaltaí, Comhaltaí Cúltaca agus Iar-chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann:

As na 76 cás a atreoraíodh chuig an Oifig seo le linn 2007:

- Tháinig 67 ó chomhaltaí reatha Bhuan-Óglaigh na hÉireann.
- Tháinig ceann amháin ó chomhalta reatha de na hÓglaigh Chúltaca.

- Tháinig 8 ó iar-chomhaltaí de chuid Óglaigh na hÉireann.

Mar an gcéanna le 2006, ba iad comhaltaí na mBuan-Óglach a d'atreoraigh an mhórchuid de na cásanna. Bhí baint ag 88% d'iomlán na gcásanna a atreoraíodh i 2007 le comhaltaí de chuid na mBuan-Óglach, go díreach mar an gcéanna le 2006.

Tháinig méadú ar an líon na ngearán a tháinig ó iarchomhaltaí na nÓglach le linn 2007, nó rinne siad seo suas 11% d'iomlán na gcásanna a atreoraíodh, i gcomparáid le 4% i 2006.

Tháinig laghdú suntasach ar chásanna a d'atreoraigh na hÓglaigh Chúltaca le linn 2007, nó ní dhearna siad seo suas ach 1% d'iomlán na gcásanna, i gcomparáid le 8% d'iomlán na gcásanna i 2006.

Inscne na ngearánaithe

As na 76 cás a cuireadh ar aghaidh le linn 2007:

- Chuir comhaltaí fireanna de chuid Óglaigh na hÉireann 68 ar aghaidh.
- Chuir comhaltaí baineanna de chuid Óglaigh na hÉireann 8 ar aghaidh.
- Tháinig 11% d'iomlán na gcásanna a atreoraíodh le linn 2007 ó chomhaltaí baineanna de chuid Óglaigh na hÉireann, méadú ar 2006 nuair nach ndearna siad suas ach 8%.

Miondealú na ngearán nó na n-achomharc de réir ceantar seirbhíse

As na 76 cás a atreoraíodh chuig an Oifig seo le linn 2007:

- Tháinig 57 ó chomhaltaí nó iarchomhaltaí an Airm.
- Tháinig 14 ó chomhaltaí nó iarchomhaltaí an Aerchóir.
- Tháinig 5 ó chomhaltaí nó iarchomhaltaí na Seirbhíse Cabhlaigh.

Le linn 2007 d'atreoraigh comhaltaí de chuid na Seirbhíse Cabhlaigh agus an Aerchóir cásanna chuig an Oifig seo den chéad uair. I 2006 ba chomhaltaí de chuid an Airm a chuir gach cás ar aghaidh. I 2007 rinne na cásanna seo suas 75% de gach cás a atreoraíodh, d'atreoraigh comhaltaí de chuid an Aerchóir 18%, agus d'atreoraigh comhaltaí de chuid na Seirbhíse Cabhlaigh 7%.

Gearáin nó Achomhairc Lasmuigh de na Téarmaí Tagartha

Chomh maith leis na 76 cás a atreoraíodh chuig an Oifig seo le linn 2007, fuarthas 38 cás eile a bhí lasmuigh de mo théarmaí tagartha reachtúla. Mar a luadh thuas, tugadh an breithiúnas seo maidir le 4 chás ag staid na Tuarascála Deiridh ar fhoras go raibh baint acu le cúrsaí a bhí mar ábhar ag imeachtaí dlí. Measadh go raibh na 34 cás eile neamh-inghlactha ar na fáthanna seo leanas:

- Bhain 7 gcás le rud a tharla roimh 1 Nollag 2005.
- Bhí baint ag 11 chás le cúrsaí a bhí mar ábhar ag imeachtaí dlí, imeachtaí binse seirbhíse nó a bhí siad sub judice ar bhealach eile.
- Fuarthas 7 gcás ó dhaoine nach comhaltaí ag fónamh iad ag an am a tharla an gníomh líomhnaithe.
- Bhí baint ag 4 chás le cúrsaí maidir le pá/pinsin.
- Bhain 4 chás le ceisteanna a chaithfear á thabhairt tríd nós imeachta SiÉ Óglaigh na hÉireann ar dtús.
- Fuarthas cás amháin ó dhuine nach raibh baint aige/aici go díreach leis an ngníomh líomhnaithe.

Athruithe Polasaí Tar Éis Moltaí

Nuair atá imscrúdú á dhéanamh ar chásanna aonair, is féidir go ndéanfainn nósanna imeachta agus cleachtais a shainaithint laistigh d’Óglaigh na hÉireann atá as dáta, riartha go holc nó a bhfuil leasú de dhíth orthu.

Le heisiúint Tuarascála Deiridh tarraingítear aird an Aire Cosanta ar na ceisteanna seo, chomh maith le haird an Chinn Foirne, an ghearánaí agus pearsanra bainteacha eile sna hÓglaigh.

Mar a luadh i dTuarascáil Bhliantúil 2006, rinneadh leasú ar nósanna imeachta ag baint leis an bpróiseas agallaimh do chúrsaí gairme ONC agus fónamh thar lear ar bhonn eatramhach i mí Iúil 2006, tar éis moltaí i mo Thuarascálacha Deiridh.

Mar thoradh ar an leasú seo, tharla laghdú suntasach ar an líon gearán nó achomharc a atreoraíodh chuig an Oifig seo ar na forais sin. I 2007 bhí baint ag 17% d’iomlán na gcásanna a atreoraíodh chuig an Oifig seo le neamhroghnúchán do chúrsaí gairme agus d’fhónamh thar lear, i gcomparáid le 46% d’iomlán na gcásanna a atreoraíodh chuig an Oifig seo le linn 2006.

Tá lúcháir orm a thuairisciú go ndearnadh athbhreithniú ar nósanna imeachta agallaimh d'ardú céime le linn 2007 trí nósanna imeachta réitigh agus eadráin Óglaigh na hÉireann. Rinne gearáin ag baint le neamhroghnúchán d'ardú céime suas 39% d'iomlán na gcásanna a atreoraíodh chuig an Oifig seo le linn 2007, suas ó 34% i 2006 agus tá sé soiléir go bhfuil feabhsú ar nósanna imeachta riachtanach.

Cúrsaí maidir le ceisteanna Lasmuigh de na Téarmaí Tagartha

Mar a luadh thuas ní fhéadfaí 28 cás a atreoraíodh chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann a thabhairt faoi bhráid mar go raibh siad lasmuigh de théarmaí tagartha na hOifige seo. Seasann seo do 27% d'iomlán na gcásanna a tugadh chuig an Oifig seo le linn 2007 agus is laghdú suntasach é ar an líon de a leithéid de chásanna a tugadh le linn 2006, nuair a measadh go raibh 53% d'iomlán na gcásanna a tugadh chuig an Oifig seo lasmuigh de na téarmaí tagartha.

Rinne an líon cásanna a tugadh chuig an Oifig seo agus nach féidir a thabhairt faoi bhráid mar gur tharla an gníomh líomhnaithe roimh 1 Nollag 2005 suas 7% d'iomlán na gcásanna i 2007, i gcomparáid le 31% i 2006.

Mar an gcéanna, ní fhéadfaí 4% d'iomlán na gcásanna a tugadh chuig an Oifig seo le linn 2007 a thabhairt faoi bhráid mar gur cheart iad a thabhairt tríd an nós imeachta SiÉ ar dtús. Ba 13% an figiúr comhfhreagrach i 2006.

Maíonn an laghdú substaintiúil seo go bhfuil ról agus sainchúram an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann á chur trasna go maith chuig comhaltaí atá ag fónamh agus iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann, próiseas ina bhfuil an oifig seo gníomhach go leanúnach.

Aighneachtaí Tar Éis Eisiúint na Tuarascála Deiridh

Le bliain anuas rinne roinnt gearánaithe iarracht tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh tar éis dom mo Thuarascáil Deiridh a eisiúint. Ní féidir na haighneachtaí seo a thabhairt faoi bhráid. Ní smaoinéoinn ar chás a athoscailt ach amháin áit a dtagann fianaise nua ar fáil nach raibh ar fáil ag an tús.

Déantar gach iarracht deis a thabhairt do ghearánaithe fianaise a thabhairt ag tabhairt tacaíochta do na haighneachtaí a fhad is atá athbhreithniú á dhéanamh ar an gcás.

Tá sé tábhachtach chomh maith a mheabhrú go mbíonn breitheamh i gceist le próiseas scrúduithe agus imscrúduithe an Ombudsman, agus gur féidir torthaí agus moltaí a eisiúint. Cuireann gearánaithe ar aghaidh a gcuid gearán gan dochar a dhéanamh dá gcearta dlíthiúla agus coimeádann siad an ceart coinneáil le cás tríd na Cúirteanna mura bhfuil siad sásta leis an toradh.

Dlínse a Bhunú

Is é ceann de na chéad chinntí atá le déanamh ag an Ombudsman ná cad iad na cásanna atá inghlactha agus cad nach bhfuil. Go minic bíonn an cinneadh seo níos deacra ná cinneadh maidir le fiúntas na gcúiseanna atá leis an ngearán féin.

Cé go bhfuil sé de rogha ag an Ombudsman cinneadh a dhéanamh cé acu an ndéanfaí imscrúdú ar ghearán nó nach ndéanfaí, tá sé go hiomlán in ord má dhéanann an tAire nó na hÓglaigh aighneacht maidir le hinghlacthacht cáis ar na forais go bhfuil sé lasmuigh de dhlínse an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Ba cheart go ndéanfaí a leithéid de dhearcadh agus aighneachtaí a chur in iúl go ceart ar dtús áfach don Ombudsman ag réamhchéim m'athbhreithnithe ar an gceist. Tharla sé seo sa mhórchuid de na cásanna ina dtáinig an cheist aníos le linn 2007. Ach i roinnt bheag de na cásanna, luadh ceisteanna maidir le dlínse níos moille le linn an bhreithiúnais, rud nach raibh cuiditheach, dar liomsa. Ag plé a tharla ina dhiaidh sin, pléadh bearta chun é seo a sheachaint amach anseo.

Sainchumas an Aire Glacadh le Moltaí nó iad a Dhiúltú

Nuair a eisíonn an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann toradh agus/nó moladh maidir le cás i dTuarascáil Deiridh, caithfidh an tAire breithniú a dhéanamh ar cé acu an nglacfaidh sé le toradh athbhreithniú an Ombudsman nó an ndiúltóidh sé é.

Leagann Acht Ombudsman {Óglaigh na hÉireann}, 2004 síos sainchumas an Aire gan glacadh le toradh nó moladh agus le linn 2007 bhain an tAire úsáid as an sainchumas seo i roinnt bheag cásanna.

Sa chás nach nglacann an tAire le toradh nó moladh tá sé tábhachtach go ndéanfaí an cinneadh seo chomh gasta agus is féidir. Go minic ní haon sólás an cinneadh seo do ghearánaí agus is fóinteach an rud é go seachadtar a leithéid de nuacht go tapa, nó cuireann moill le díomá an ghearánaí.

Ceisteanna ag Baint le Líomhaintí maidir le Bulaíocht agus Ciapadh

Mar a luadh thuas atreoraíodh cásanna chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann maidir le bulaíocht agus ciapadh líomhnaithe den chéad uair le linn 2007.

B'iarchomhaltaí a d'atreoraigh an mhórchuid de na cásanna seo agus, ar ndóigh, caithfear na líomhaintí seo a thacú le fianaise mar go ndéantar an comhalta atá ag fónamh agus a bhfuil an líomhain á déanamh ina leith go cúlghabhálach an-leochaileach mar go bhfuil a gclú agus stádas nochta fad is atá na líomhaintí seo gan réiteach.

Mar an gcéanna, má dhéantar a leithéidí de líomhaintí in aghaidh iarchomhalta is féidir go mbeidh deacrachtaí ann maidir le conas a chosnóidh an t-iarchomhalta sin a {h}ainm agus c{h}lú agus é/í anois ina s{h}aoránach.


Bhí cás amháin dá leithéid ina chúis inní agam le linn na bliana. Ní raibh mé in ann cabhair a thabhairt mar gurb é comhalta a bhí ag fónamh a rinne na líomhaintí in aghaidh comhalta a d'fhág Óglaigh na hÉireann, maidir le gníomhartha a dúradh a tharla sula dtáinig an tAcht i ngníomh. Sna cúinsí seo, ní raibh aon dlínse agam.

Laghdú ar an Méid Ama a Thógann sé Tuarascálacha Deiridh a Eisiúint

De réir Chairt Chustaiméara an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, tá an Oifig seo tiomanta do bhealach cóir, soláimhsithe agus inrochtana a sholáthar do bhreithiúnais a thabhairt ar chásanna, chomh sciobtha agus is féidir.

Cé go mbraitheann an t-am a thógann sé deireadh a chur le cás ar chuid mhór fachtóirí a thagann as coimpléascacht na gceisteanna agus fáthanna na ngearán, ba é réiteach gasta éifeachtach mo sprioc ón tús.


Cuireadh moill ar phleananna chun an t-am a thógann sé Tuarascálacha Deiridh a chur amach a laghdú siocair, den mhórchuid, srianta de bharr chóiríocht reatha na hoifige. Tá lúcháir orm go bhfuil an tAire ag tabhairt tacaíochta do mo chuid iarrachtaí oifig oiriúnach chuí a fháil don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

A stack of books is shown, with the top book being 'ADMINISTRATIVE LAW IN IRELAND' by Gerard Hogan and David Gwynn Morgan. The book is open, and its pages are visible. Below it, another book is partially visible, labeled '2006 Vol. 2 PART I (1-320)'. The books are resting on a wooden surface. A quote in Irish is overlaid on the image.

*A luaithe is a fhaighim gearán an chéad chéim
ná réamhscrúdú a dhéanamh ar na fíricí.
Ar na chéad chinntí a chaithfear a dhéanamh
tá an cinneadh cibé acu an bhfuil an gearán
sin laistigh de mo dhlínse nó nach bhfuil.*

IV

Saolré Ghearáin



* Is féidir le hiarbhall gearáin a thaisceadh i ndáil leis na bearta líomhnaithe a tharla nuair a bhí sé nó sí ina b(h)all ag fónamh. Is gá go raibh an duine atá freagrach as an mbeart líomhnaithe agus an gearánaí ina b(h)all ag fónamh nuair a tharla an beart líomhnaithe.

Tráchteaireacht Ar Chásanna A Atreoraíodh Le Linn 2007

Tháinig na ceisteanna a leanas as cásanna a atreoraíodh chugam le linn 2007. Tá lúcháir orm gur ghlac an tAire le mo chuid moltaí maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar roinnt de na cúrsaí seo. Bhí cuid mhór de na ceisteanna seo tar éis teacht aníos le linn 2006 chomh maith, agus bhí siad ina gcúiseanna cointinne do cuid mhór iarchomhaltaí de na hÓglaigh agus comhaltaí atá ag fónamh faoi láthair.

Go bunúsach, i roinnt cásanna, níor cuireadh i ngníomh na moltaí a rinneadh mar thoradh ar dhá phríomh-Thuarascáil:

- Tuarascáil an Ghrúpa Faireacháin: *Response to the Challenge of a Workplace*. Chuir an Grúpa Faireacháin, leis an Dr. Eileen Doyle mar chathaoirleach, a Thuarascáil faoi bhráid an Aire Cosanta i 2004.
- An Grúpa Stiúrtha Comhionannais: *Recommended Procedures for Interview and Selection Process for Courses, Promotions & Overseas Service, 2004, Appendix D* a bhaineann le roghnú do chúrsaí gairme agus comórtais arduithe céime.

Is iad seo a leanas na cúrsaí is suntasaí a tháinig aníos i measc na gcásanna ar bhreathnaigh mé orthu le linn 2007.

Teip maidir le tábla d'uasphointí faoi chritéir a sholáthar i gcomórtais arduithe céime agus cúrsaí gairme mar a mhol an Grúpa Stiúrtha Comhionannais.

Bhí roinnt cásanna ann ina raibh iarrthóirí a bhí cóngarach i gcáilíocht ag cuardach dearbhaithe go ndearnadh measúnú cóir orthu.

Is féidir a argóint go gcuirfeadh maitrís mharcála bunús roghnúcháin níos oibiachtúla agus trédhearcaí ar fáil, ag laghdú inné na n-iarrthóirí maidir le suibíachtúlacht nó claonadh agus ag cabhrú leis an mbord agallaimh.

Bhí lúcháir orm a chlos ón gCeann Foirne gur bhunaigh sé Grúpa Staidéir chun breathnú ar chórais mharcála chuí -agus tuigim anois, agus an tuarascáil seo ag dul chuig na clódóirí, go ndearnadh dul chun cinn leis seo.

Teip maidir le sibhialtach neamhspleách ó na hÓglaigh a cheapadh ar bhoird agallaimh.

Ar mhaithe le cothromaíocht, mhol an Grúpa Stiúrtha Comhionannais go mbeadh baint ag dhá bhall as lasmuigh den Aonad/Rannóg le painéil agallaimh d'arduithe céime, agus gur cheart go mbeadh duine amháin díobh seo neamhspleách ar na hÓglaigh. Moltar go mbeadh mná san áireamh áit a bhfuil iarrthóirí bainear ann chomh maith. Níor comhlíonadh na moltaí seo i gcónaí.

Easpa comhsheasmhachta agus trédhearcachta nuair a reáchtáladh agallaimh le haghaidh roghnúcháin na n-iarrthóirí do chúrsaí gairme, áit a raibh líon na n-iarrthóirí níos mó ná an méid áiteanna ar fáil.

Tháinig an cheist seo aníos maidir le Cúrsa ONC Sinsearach, agus tá sonraí an cháis tugtha sa rannóg ina bhfuil na Cás-staidéir {Cás-staidéar 6}.

Easpa nósanna imeachta comhsheasmhacha d'fhógraíocht neamhroghnúcháin le haghaidh arduithe céime agus cúrsaí gairme agus teip maidir le fáthanna le neamhroghnúchán a thabhairt. Ina theannta sin, bhí easpa forálacha do chruinnithe leantacha nó aiseolais ann i ngach cás.

I gcás amháin, níor tugadh aon chúis don ghearánaí maidir lena neamhroghnúchán do Cúrsa ONC Sinsearach.

Ag leanúint ar aghaidh ó mholtaí a rinneadh i dTuarascáil Deiridh an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, tugadh isteach Nósanna Imeachta Eatramhacha nua do roghnúchán maidir le cúrsaí gairme agus seirbhís thar lear sa bhliain 2006. Foráiltear do phróiseas achomhairc de réir na nósanna imeachta nua seo, ach tá easpa comhsheasmhachta ann ag baint leis an bpróiseas seo faoi láthair. Tá easpa soiléireachta ann chomh maith maidir leis an gceangal idir an nós imeachta achomhairc seo agus nósanna imeachta Sásamh in Éagóracha.

Bheadh roinnt de na cásanna neamhroghnúcháin réitithe ag staid luath dá mbeadh próiseas achomhairc leormhaith ann. Maidir le cás amháin, ní raibh aon phróiseas achomhairc neamhspleách ann d'iarrthóir, ar iarrthóir é nár cuireadh ar aghaidh le haghaidh cúrsa gairme.

Teip maidir le forálacha a chur ar fáil do phróiseas achomhairc neamhspleách gasta i gcásanna nach molann Oifigeach Ceannais iarrthóir d'ardú céime nó do chúrsa gairme agus/nó nach n-éiríonn leis an iarrthóir le hiarratas do chomórtas arduithe céime nó cúrsa gairme.

Mar a luaigh mé i mo Réamhrá, bíonn droch-iarmhairtí ag easpa meicníocht achomhairc neamhspleách ghasta d'iarrthóirí nach n-éiríonn leo. Go minic, faoin am a bhfuil gach próiseas Sásamh in Éagóracha úsáidte ag an iarrthóir, agus/nó a g[h]earán réitithe ag m'óifig, bíonn an ceapachán déanta nó an cúrsa gairme ar siúl cheana féin, rud a dhéanann é deacair sásamh a bhaint amach.

D'eascair deacrachtaí as úsáid leanúnach na Treorach Riaracháin Páirt 10, Iarscríbhinn X, mar mheicníocht d'ardú céime laistigh de na hÓglaigh ó tharla moltaí an Ghrúpa Stiúrtha Comhionannais agus mo chuid torthaí agus moltaí.

Cé go ndearnadh nuashonrú ar roinnt rannóg, tá Treoir Riaracháin Páirt 10 Iarscríbhinn X níos mó ná fiche bliain d'aois agus de réir cosúlachta ní dhearnadh é a nuashonrú chun athchóiriú Phlean Cur i nGníomh Athbhreithnithe na nÓglach {PCGAÓ} sa bhliain 1998 a thabhairt faoi bhráid.

Tá sé soiléir nach féidir lena leithéid de phróiseas riaracháin treoir chuí ar ardú céime a sholáthar. Is féidir a mhaíomh nach gcomhlíonann Iarscríbhinn X moltaí an Ghrúpa Stiúrtha Comhionannais {Aguisín D} sa mhéid seo a leanas:

“I gcás go mbeadh iomarca iarrthóirí nó iomarca ábhar iarrthóirí ann, nó i gcás nach dtabharfar ardú céime do gach iarrthóir, tá gá le bunús follasach le haghaidh roghnúcháin.”

Mar sin, bhí lúcháir orm dearbhú a fháil ón gCeann Foirne go bhfuil an próiseas athruithe eagraíochta sna hÓglaigh, tar éis PCGAÓ, ar siúl go fóill agus go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar Iarscríbhinn X faoi láthair mar pháirt d'Athbhreithniú Arduithe Céime ONC atá á dhéanamh ag DHRMS thar ceann D COS {Sp} agus go bhfuiltear ag caibidlíú tograí idir na hÓglaigh, an Roinn Cosanta agus eagraíochtaí ionadaíochta na nÓglach. I bhfianaise na moltaí a rinne an Grúpa Stiúrtha Comhionannais agus mo chuid torthaí go dtí seo, fáiltítear roimh dhul chun cinn ar an athbhreithniú seo.

Leagadh béim ar na difríochtaí maidir le cúrsaí oiliúna Trí-mhodúlacha i roinnt cásanna le linn 2007.

Thug an Ceann Foirne dearbhú dom go raibh Bord Athbhreithnithe i Stiúrtóireacht Oiliúint na nÓglach ag tabhairt faoi scrúdú ar réimse na hOiliúna Modúlaí.

Easpa soiléireachta agus caighdeánaithe maidir leis na cáilíochtaí riachtanacha do chúrsaí gairme agus/nó easpa deiseanna d'arduithe céime ONCanna go céimeanna/poist choimisiúnta.

Tháinig an cheist seo aníos i dtaobh roinnt cásanna, agus tá ceann amháin díobh seo sa rannóg maidir le Cás-staidéir {Cás-staidéar 8}. Rinneadh agóid in aghaidh mo dhlínse torthaí a fháil maidir leis na cáilíochtaí oideachais riachtanacha. Dar liomsa, áfach, go dtiocfadh liom torthaí a fháil go ceart maidir leis na nósanna imeachta a úsáideadh agus comhaltaí a chur ar an eolas faoi na caighdeáin riachtanacha agus an dóigh inar riaradh an fhógairt ar chomhionannas na gcáilíochtaí.

Neamhchinnteacht faoi chruinneas na dtaifead cáilíochta agus cúrsaí a rinneadh i gcomhaid phearsanta na gcomhaltaí.

Rinneadh roinnt achomharc mar thoradh ar an gceist seo agus mar sin chuir mé fáilte roimh bhreithiúnas an Chinn Foirne gur cheart deis a thabhairt do bhaill athbhreithniú a dhéanamh ar a gcomhaid féin chun aon cheist maidir le cruinneas na dtaifead cáilíochta agus cúrsaí a rinneadh a phlé lena gCeannasaí Aonaid. Bhí agus tá mé den tuairim gur dócha go raibh éifeacht chuí ag teipeanna riaracháin a chruthaigh amhras faoi chomhsheasmhacht an eolais, mar shampla idir iarrthóirí roimh bhord agallaimh, ar an toradh.

Ceapacháin i bpoist Ghníomhacha agus Ionadaíochta, go háirithe áit a bhfuil lánroghnachas ag baint leis an gceapachán.

Tháinig an cheist seo aníos arís i 2007, go háirithe áit a raibh lánroghnachas ag baint le hOifigeach Ceannais ag déanamh a leithéidí de cheapacháin. Dar liom, chaithfí an cleachtas seo a úsáid go cóir, mar aon le húsáid cumhachta lánroghnaí ar bith, agus go bhfeicfí gurb amhlaidh, agus chaithfí soiléireacht a bheith ann maidir leis an socrú i gceist.

Luadh úsáid cumhachta lánroghnaí chomh maith i gcomhthéacs bhronnadh na “Straidhpe stáit” agus ghlac mé le háitiú an Chinn Foirne nach raibh a leithéid de mholtaí freagrach do shainmhíntithe diana mar gur as gníomhacha neamhghnáthacha a tháinig arduithe céime agus ní fhéadfaí iad a chatagóru.

Ach tharraing an cás aird freisin ar cheist a tháinig aníos i gcásanna eile maidir leis an difir idir “rátáil iompair eiseamláireach” agus “rátáil shármhaith” do cháilíochtaí pearsanta. Mhol mé go mbeadh athbhreithniú ar fhoclóireacht na rátálacha éagsúla i measúnú bhaill na nÓglaigh tráthúil agus tairbheach. Luaigh mé chomh maith le linn 2007 na deacrachtaí ar féidir leo teacht aníos maidir le tuarascáil measúnaithe AF667 agus cheistigh Roinnt comhaltaí cé acu an raibh aithne mhaith go leor ag a nOifigh Cheannais orthu i roinnt cásanna chun measúnú cuimsitheach agus beacht a dhéanamh orthu nó nach raibh.

*Tar éis mo réamhscrúdaithe eisím
Réamhthuirisc Dearcaidh a leagann
amach na torthaí go dtí sin agus iarratais ar
thuilleadh eolais nó ar shoiléiriú sa bhreis,
agus ceithre seachtaine á soláthar le haghaidh
na bhfreagraí.*

Cás-staidéir

Sa rannóg seo tá achoimrí ar raon cásanna a cuireadh i gcrích le linn 2007.

Fuarthas cead na cásanna roghnaithe seo a úsáid ó na daoine a chuir a gcásanna faoi bhráid m’oifige. Is mór againn a gcabhair leis an ábhar seo. Sa mhéid is féidir, baineadh amach sonraí faoi leith ag baint le gach cás chun neamhainmníocht gach duine a choinneáil.

Tá súil agam go dtabharfaidh na saintuairiscí seo léargas ar na cineáil ghearáin agus achomhairc a bhreithnigh mé le linn 2007.

Cás 1: Seasta Leis

Ardú céime straidhpe stáit – Níor sásaíodh na forais a bhaineann le seirbhís inmholta nó le hiompar dearscna – Ní raibh aon fhianaise aon ag maíomh éagóra – Mionchritéir cháilitheacha míchuí.

Chuir an Gearánaí isteach ar ardú céime ó Cheannaire go Sáirsint go gearr roimh dó scor ar bhonn aoise. Dúirt sé gur tugadh straidhp Sáirsint nó an “Straidhp Stáit” do dhaoine dá leithéid d’aois i gcaitheamh na mblianta, ar fhorais a bhaineann le seirbhís inmholta nó le hiompar dearscna. Níor thacaigh OC an Ghearánaí lena iarratas agus mar sin dhiúltaigh an Ceann Foirne é.

Chuir an Gearánaí isteach iarratas ar Shásamh in Éagóracha {SiÉ}, ag dul chun argóinte leis an diúltú ardaithe céime. Mhaígh sé nár postaíodh a OC ach coicís nó trí seachtaine roimh an iarratas agus nach raibh aithne aige ar an nGearánaí, agus nach ndearna sé iarracht é féin a chur ar an eolas faoi chomhad agus thaifead an Ghearánaí. Dúirt sé chomh maith gur chuir an Maorsháirsint ina aonad ar dhúliosta é agus go raibh tionchar ag an Maorsháirsint ar an OC agus an Oifigeach Imscrúdaithe maidir leis an iarratas SiÉ.

Dúirt an Gearánaí chomh maith go raibh “Eiseamláireach” aige ar a Rátáil Iompair ar feadh roinnt blianta as a chéile. Ina theannta sin, d’inis an Gearánaí gur tugadh an cineál sin d’ardú céime do ONC ainmnithe in Aonad eile an bhliain roimhe sin ar iarratas dó.

D’inis an Ceann Foirne dom gur shásaigh an ONC san aonad eile riachtanais DFR A10, alt 42{1}, agus nár shásaigh an Gearánaí iad. Luadh chomh maith gur fíor-annamh a tugadh an cineál seo d’ardú céime agus gur scor 31 Ceannaire ó Aonad an Ghearánaí le 10 mbliana anuas agus nár tugadh ardú céime d’aon duine acu go rangú Sáirsint de réir théarmaí DFR A10, alt 42.

Mar fhreagra ar éilimh an Ghearánaí, dúradh gur gnáthrud é Rátáil Iompair “eiseamláireach” d’aon duine a bhí ag fónamh chomh fada leis an nGearánaí agus nach raibh aon cheist ann maidir le carachtar agus dea-cháil an Ghearánaí. Dúradh go raibh níos mó tábhachta ag baint leis na Tuairiscí um Measúnú Feidhmíochta {AF667As} ó thaobh measúnú feidhmíochta agus láidreachtaí agus laigí aonair a mheas. Léiríodh chomh maith go raibh feidhmíocht an Ghearánaí “meánach” go ginearálta, agus go ndearnadh roinnt ráiteas diúltach ina éadan cúpla uair, cé go bhfuair sé rátáil “shármhaith” do shaintréithe ar leith ó am go ham.

Maidir leis an éileamh nach raibh go leor aithne ag an OC ar an nGearánaí chun measúnú cóir a dhéanamh, dúirt an Ceann Foirne go raibh dóthain meicníochtaí ann chun cabhrú le OC agus a leithéid de chinneadh á dhéanamh aige/aici. Ina theannta sin, cuireadh in iúl gur iarr an OC comhairle ar an Maorsháirsint, mar an ONC Sinsearach san Aonad, maidir lena haithne phearsanta ar an nGearánaí. Dúirt an Ceann Foirne nach raibh aon bhunús le héilimh an Ghearánaí go raibh tionchar míchuí ag an Maorsháirsint ar an OC nó ar an Oifigeach Imscrúdaithe.

Dúradh chomh maith gur díolmhaíodh an Gearánaí ón Triail Chorpacmhainne ar bhonn leighis le roinnt blianta, agus gur riachtanas é an Triail seo le bheith ag Fónamh Thar Lear. Siocair shláinte an Ghearánaí ní thiocfadh leis dualgais armtha a chomhlíonadh ach an oiread. Níor chabhraigh na rudaí seo lena leibhéal feidhmíochta tríd is tríd.

Cé go raibh comhbhá agam le mian an Ghearánaí ardú céime a bhaint amach ag an staid mhall seo ina ghairm, ní thiocfadh liom cinntí an Chinn Foirne agus an Oifigigh Imscrúdaithe a chur ar ceal maidir lena n-éilimh a dhiúltú mura raibh fianaise ann chun bunús a thabhairt d'áitiú an Ghearánaí gur caitheadh leis go héagórach nó gur láimhsíodh a iarratas don “Straidhp Stáit” go mícheart. Níor tháinig mé ar a leithéid d'fhianaise.

Ghlac mé go hiomlán le ráiteas an Chinn Foirne go ndéanfadh aon iarracht maidir le critéir a leagadh síos dá leithéid d'ardú céime frithoibriú in éadan aon duine a ardú ar fhorais inmholta, mar go raibh a leithéid de bhearta chomh fada sin os cionn an ghnáthrud nach féidir iad a mheas nó a chatagóiriú.

Mhol mé, áfach, gur tharraing a chás aird ar an mearbhall atá ag baint le hardú céime “Straidhp Stáit” a raibh soiléiriú de dhíth orthu. Go háirithe, chruthaigh an fhoclóireacht a úsáideadh sna tuairiscí éagsúla ag meas fheidhmíocht bhaill na nÓglach mearbhall agus bhí soiléiriú de dhíth maidir leis an difir idir rátáil “shármhaith” do shaintréithe ar leith agus Rátáil Iompair “eiseamláireach”.

Cás 2: Seasta Leis

Próiseas Agallaimh – Níor úsáideadh aon mhodheolaíocht chomhréireach – Iomarbhá faoi líon na gcúrsaí a cuireadh i gcrích – Líomhain nár tugadh taifid iomlána an Ghearánaí roimh an mBord Agallaimh – Níor thug an Bord Agallaimh aon chúis leis an gcinneadh a glacadh – Tugadh cúrsaí faoi bhráid i dtaobh iarrthóirí eile, ach níor tugadh i dtaobh an Ghearánaí – Ní leor an sásamh a mholadh – Níor leanadh moladh an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

Chuir an Gearánaí iarratas isteach ar thrí fholúntas Sáirsint a fógraíodh in Orduithe Gnáthaimh Aonaid. Chuir an Gearánaí iarratas Sásamh in Éagóracha isteach, ag maíomh go ndearnadh éagóir air nuair nár ceapadh é i gceann de na folúntais. Níor tugadh aon chúis don Ghearánaí maidir lena neamhroghnú agus ghlac sé leis go raibh taifead a Chúrsaí Airtléire bainteach leis an scéal. Rinne sé líomhain nach léiriú ceart iad a thaifid ar na cúrsaí a bhí déanta aige.

Dúirt an Gearánaí chomh maith gur chomhlíon sé na critéir go léir agus go raibh sé ábalta dualgais na bpost a chomhlíonadh chomh maith céanna leis na hiarrthóirí ar éirigh leo. Go sonrach, maidir le folúntas amháin, mhaígh an Gearánaí go raibh an Bord Agallaimh ag brath ar an taithí bhreise a bhí ag an iarrthóir ar éirigh leis in A/Cathéide ná mar a bhí ag an nGearánaí, cé gur luadh san Ordú Gnáthaimh nach raibh “aon riachtanas speisialta” ann, agus go ndearna an Bord neamhiontas de go raibh níos mó Cúrsaí Teagascóra déanta ag an nGearánaí agus go raibh sé i gcéim níos sinsearaí. Mar shásamh, bhí an Gearánaí ag iarraidh ardú céime a fháil go céim Sáirsint, le héifeacht ón dáta a líonadh na folúntais.

Fuair an GOC amach nach mbeadh an toradh difriúil in aon chor fiú dá mbeadh taifid na gcúrsaí i gceist {a d’éiligh an Gearánaí a bhí ann} roimh an mBord Agallaimh.

I mo Réamh-thuairisc Dearcaidh, bhí mé den tuairim nach leor é an freagra seo ar an líomhain go raibh taifead an Ghearánaí neamhiomlán agus nár thaifead sé go hiomlán nó go beacht na cúrsaí a bhí déanta aige. De réir Bhreithiúnas an Chinn Foirne ba cheart go dtabharfaí deis do bhaill athbhreithniú a dhéanamh ar a gcomhad pearsanta sa dóigh is go ndéanfadh a gCeannasaí Aonaid aon cheist maidir le taifeadadh cúrsaí a láimhseáil. Chuir mé fáilte roimh seo agus dúirt mé go gcaithfí aird chuí a thabhairt ar Equality Steering Group’s Recommended Procedures for Interview and Selection Process for Courses, Promotions and Overseas Service {Tuairisc a cuireadh faoi bhráid an Aire Cosanta 2004} le haghaidh treorach maidir le caighdeáin inghlactha agus prionsabail infheidhmithe.

Leag mé béim ar go raibh an dualgas oibiachtúlachta trom i gcásanna mar seo, nuair nach raibh sinsearachta ina thoisic chinnititheach, agus nuair a chreid iarrthóirí go raibh siad chomh hábaltá dualgais an cheapacháin a chomhlíonadh. Chonacthas dom go raibh baol níos mó claonadh nó éagothroime a bhaint de thátal as nuair nach raibh critéir shainmhínithe riachtanacha agus inmhianaithe ann agus mairtís mharcála a thiocfadh le hiarrthóirí a bhfeidhmíocht féin a chur i gcomparáid leis.

Luaigh mé, cé gur aithin an Bord Agallaimh a bhí ann do cheann de na folúntais go raibh taithí ag an mGearánaí mar Sháirsint Gníomhach, ní dhearna an Bord Agallaimh d’fholúntas eile a mhacasamhail. D’ainneoin go raibh sé de theideal ag Boird Agallaimh meas a thabhairt ar a leithéid de thaithí, agus nach riachtanas é, shíl mé gur neamhréireacht shuntasach é, go háirithe ó tharla gur tugadh a leithéid de thaithí faoi bhráid i dtaobh roinnt de na hiarrthóirí a cuireadh roimh an nGearánaí, ach nár tugadh é faoi bhráid ina dtaobh go léir.

Tar éis mo Réamh-thuairisce Dearcaidh, mhol an GOC go dtabharfaí seans do gach iarrthóir incháilithe i gcomórtais maidir le hardú céime sa todhchaí a dtaifid a fheiceáil agus a fhíorú. Ina theannta sin bunaíodh próiseas fíoraithe de gach taifead pearsanta agus cuireadh ar fáil é don phearsanra go léir sa Bgd.

D’fhormhuinigh an Ceann Foirne dearcadh an GOC nach ndearnadh aon éagóir ar an nGearánaí agus dhearbhaigh sé an tuairim gur léirigh an t-easnamh dialann taifeadta i ndiaidh na gcúrsaí, fianaise ar thriail agus fianaise ar úsáid taifeadta nach raibh an Gearánaí ag baint úsáide go gníomhach as a chuid cáilíochtaí ó bronnadh air iad, fiú dá mbeadh na cúrsaí déanta aige. Dúirt an Ceann Foirne go raibh na fáthanna lena neamhroghnú i dtuairisc na mBord Agallaimh, agus go raibh na hait bhainteacha i

gcomhad an Ghearánaí. Cuireadh béim air go raibh teacht iomlán aige ar na codanna seo de na tuairiscí. Moladh go dtabharfaí deis don Ghearánaí na cúrsaí a bhí i gceist a dhéanamh.

I mo Thuairisc Deiridh, fuair mé amach nár tugadh Tuairisc an Oifigigh Imscrúdaithe don Ghearánaí. Tugadh fáthanna dó maidir leis seo, ach ní fhacthas dom gur leor iad, go háirithe nuair nach bhfuair an Gearánaí an tuairisc go ceann cúig mhí eile tar éis é a bheith tugtha domsa. Is é an toradh a bhí air seo ná nár tugadh deis don Ghearánaí aghaidh a thabhairt ar roinnt ceisteanna sa tuairisc a dúirt sé a bhí míchruinn.

Maidir leis na ceisteanna substainteacha, cé gur ghlac mé le moladh an Chinn Foirne go raibh idirdhealú le déanamh idir cáilíochtaí agus an taithí a fhaightear óna n-úsáid agus feidhmíocht, léirigh mé gur bhain tuairisc an Oifigigh Imscrúdaithe de thátal as gur tugadh críochnú Chúrsaí A/Cathéide de chuid iarrthóra ar éirigh leis i gcomórtas amháin faoi bhráid. Ina theannta sin, níor tugadh aon mhionchúis maidir le cén fáth ar éirigh le hiarrthóirí sa chomórtas a raibh céimíú níos sóisearaí acu.

Faoi dheireadh dúirt mé nach leigheas i bhfianaise na ndrochéifeachtaí a d'fhulaing an Gearánaí, gan aon locht dá chuid féin, é an réiteach a mhol an Ceann Foirne, ó tharla na lochtanna sa chóras maidir le haghaidh a thabhairt ar an dualgas i dtaobh fáthanna a thabhairt don Ghearánaí, i gcomhlíonadh na Treorach Riaracháin agus Tuairisc an Oifigigh Imscrúdaithe a thabhairt do.

Ina fhreagra ar mo thuairisc, dúirt an tAire Cosanta gur dhearbhaigh sé mo chuid moltaí, ach ansin lean sé ar aghaidh ag rá go dtabharfadh na hÚdaráis Mhíleata deis don Ghearánaí tabhairt faoi na cúrsaí i gceist agus gairmthreoir a fháil.

Luaigh mé leis an Aire go raibh imní orm nár roghnaigh sé mo chuid moltaí a leanúint, agus gur chinn sé tabhairt faoin leigheas a chonacthas dom a bhí neamhleor. Bhí díomá orm nuair a fuair mé freagra ón Roinn Cosanta seacht mí in dhiaidh sin a d'oscail arís buncheisteanna an cháis mar fhírinniú ar chinneadh an Aire. Chuir mé mo dhíomá in iúl faoi nár glacadh le mo mholadh sa chás seo.

Thug an tAire freagra ag rá gur glacadh go leor céimeanna mar fhreagra ar mo Thuairisc Deiridh agus go raibh a fhreagra “bunaithe, go príomha, ar an mbreithiúnas nach raibh tionchar ábhartha ag na deacrachtaí riaracháin ar thorthaí an chomórtais roghnúcháin”. Thug mise freagra ag lua mo chúise imní go raibh sé de chosúlacht go ndearnadh imscrúdú agus breithiúnas breise ar an gceist tar éis fhoilsiú mo Thuairisce Deiridh. Bhí sé feicthe dom cheana, gur dócha go raibh tionchar ábhartha ag na lochtanna riaracháin ar thorthaí an chomórtais.

Chuir mé deireadh le cúrsaí nuair a d'inis mé don Ghearánaí nár aontaigh an tAire le mo chinntí.

Cás 3: Seasta Leis

Comórtas Arduithe Céime – Easpa córais mharcála socraithe – Amhras réasúnta maidir le ríomh na marcanna – dóchúlacht – Ní raibh aon bhealach ann chun amhras a mhaolú.

Níor éirigh leis an nGearánaí sa Chomórtas Arduithe Céime Ceannfort go Leifteanantchoirnéal 2006. Chuir an Gearánaí isteach iarratas Sásamh in Éagóracha, ag áitiú go ndearna an Bord Agallaimh éagóir air trí ríomh mícheart a dhéanamh ar na marcanna a bronnadh air i gCéim 1 den chomórtas {marcanna le haghaidh feidhmíochta agus cumais}.

D’áitigh sé gur cheart go dtaispeánfadh a mharc méadú ar chomórtas na bliana roimhe sin, ó tharla go bhfuair sé AF451 den scoth don bhliain tuairisceoireachta 2005, nuair a mhol a Cheann Foirne é le haghaidh ardú céime. D’áitigh sé chomh maith gur chuir an Bord Agallaimh critéir mheasúnachta éagsúla i bhfeidhm agus iad ag bronnadh a mhairc mheasúnaithe comhaid ná a rinne siad le deichniúr iarrthóirí eile ar éirigh leo, a cuireadh in áit níos ísle ná é de réir fiúntais i gcomórtas 2005.

D’áitigh sé nár thug an Bord Arduithe Céime go leor airde ar an gcritéir mar a bhí leagtha amach in alt 7 den Treoir Riaracháin A15, nó bhí sé ag dréim go réasúnta, siocair gur tháinig feabhas gach bliain ar a chuid torthaí sna comórtais arduithe céime i 2003, 2004, agus 2005, go leanfadh an treocht seo ar aghaidh i gcomórtas 2006, ag léiriú a AF451 den scoth.

Ghlac an Ceann Foirne leis, ina Rialú Breithnithe, nach féidir earráid ríomhaireachta a chur as an áireamh siocair nár coinníodh an doiciméadú bainteach agus nach raibh sé riachtanach go gcoinneofaí é. Bhí an Ceann Foirne sásta ar aon nós gur chomhlíon an Bord Arduithe Céime a dhualgais de réir Threoir Riaracháin A15.

Cheistigh mé an chinnteacht seo, áfach, i gcúinsí nach raibh aon taifid ar a gcaoi ar structúradh nó ar bronnadh marcanna sa chomórtas.

Bhí an chuma air gur cuireadh léirmhíniú leathan den chritéir mar a leagadh amach é in alt 7 de Threoir Riaracháin A15 i bhfeidhm agus nár bhronn an Bord Agallaimh marcanna socraithe do gach critéir aonair.

Chonacthas dom go raibh sé riachtanach, chun cuma shuibiachtúil a sheachaint, bealach éigin a chur isteach i bpróiseas agallaimh chun amhras a mhaolú. Thiocfadh seo a dhéanamh trí thaispeáint gur úsáideadh córas marcála de chineál éigin sa dóigh is go dtiocfadh le hiarrthóir na marcanna a fuair sé/sí a fheiceáil in aghaidh an chritéir. Ina theannta sin, chiallaigh easpa córais mharcála nach bhfuair iarrthóir aonair an deis aiseolas agus comhairleoireacht a fháil i dtaobh a m{h}easúnaithe agus a f{h}eidhmíochta.

Cé nár ordaigh Treoir Riaracháin A15 córas marcála, luaigh sé go soiléir go ndéanadh faisnéisiú na mBord Arduithe Céime “córas marcála atá le cur i bhfeidhm ag gach Bord Arduithe Céime a chlúdach”. Bhí sé soiléir go raibh seo ag éileamh go socródh gach Bord córas marcála.

Bhain mé de thátal as seo go léir, i mo Réamh-thuairisc Dearcaidh {RTD}, go raibh forais ag an nGearánaí d'amhras réasúnta maidir le cruinneas agus toradh an chomórtais. Mar sin, bhí sé ag dréim, go réasúnta, go dtabharfaí bealach muiníneach dó chun aghaidh a thabhairt ar a chúis inní go ndearnadh earráid i ríomh na marcanna. Ní féidir seo a dhéanamh gan córas marcála réamhshocraithe a bheith ann.

Tar éis mo RTD, dhearbhaigh an Ceann Foirne go raibh an fhaisnéis ar an gcóras marcála, ar foráladh dó in alt. 4 de Threoir Riaracháin A15, ag baint leis an gcéad mhiondealú d'iomlán na marcanna a bhí le fáil sa phróiseas agallaimh agus nach raibh aon fhoráil sa Treoir ag éileamh miondealú breise de mharcanna in aghaidh an chritéir a leagadh síos ann. Thug an Ceann Foirne cur síos chomh maith ar an gcóras de sheiceanna ríomhaireachta a rinneadh roimh scaoileadh na dtorthaí. Bhí na seiceanna seo, áfach, fágtha amuigh as an taifead ar phróiseas an chomórtais.

I mo Thuarascáil Deiridh, chuir mé fáilte roimh chinneadh an Chinn Foirne Grúpa Staidéar a bhunú chun córas marcála a bhunú in aghaidh an chritéir shocraithe i gComórtais Arduithe Céime d'Oifigigh. Siocair go raibh cuid mhaith ama caite, ghlac mé nóta d'agús an Chinn Foirne maidir le cé chomh inmharthana is a bheadh sé athsheiceáil a dhéanamh ar chomhaid an chomórtais, agus mhol mé, mar leigheas eile, ardú céime a thabhairt don Ghearánaí ar bhonn breise.

Chuir mé fáilte roimh dhearbhuí ón Aire Cosanta gur socraíodh córas marcála do Chomórtais Arduithe Céime d'oifigigh mar thoradh air seo. Ba chúis inní dom é, áfach, nuair a cuireadh ar an eolas mé gur chinn an tAire gan glacadh le mo mholadh go dtabharfaí deis arduithe céime don Ghearánaí ar bhonn breise.

Ina áit sin, d'ordaigh sé go ndéanfaí athbhreithniú neamhspleách ar “shampla ionadaíochta” de na comhaid as an gcéim mharcála de chomórtas 2006 chun a mheas cé acu an raibh an marc a tugadh don Ghearánaí laistigh de raon inghlactha nó nach raibh nuair a cuireadh i gcomparáid é le marcanna a fuair iarrthóirí eile. Ní hé seo ceann de na roghanna a mhol mise i mo Thuarascáil Deiridh agus chuir mé mo thuairim in iúl nach leor athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt comhad.

Bhain an t-athbhreithniú neamhspleách de thátal as nach ndearnadh aon éagóir ar an nGearánaí.

Tugadh ardú céime don Ghearánaí, ámh, trí mheán chomórtas 2007, a réachtáladh faoin gcóras marcála nua, inar measadh iarrthóirí in aghaidh an chritéir shocraithe.

Cás 4: Níor Seasadh Leis

Ardú Céime – Gníomhú – Ionadú – Rogha an Oifigigh Cheannais – Áitiú nach raibh an post a tairgeadh ráthúil – Cuireadh Níosanna Imeachta Roghnúcháin nua in áit ar mhaithe le cothroime agus trédhearcacht.

Chuaigh MSR aonaid an Ghearánaí i dteagmháil leis, chomh maith le dhá ONC eile, thar ceann an Oifigigh Cheannais, chun fiosrúcháin a dhéanamh maidir lena shuim i bpost Ionadaíochta. Tar éis na teagmhála seo, bhí an Gearánaí den tuairim gur tairgeadh an post dó agus gur ghlac sé leis.

Chuaigh an Gearánaí ar laethanta saoire ansin. Nuair a d'fhill sé óna laethanta saoire, cuireadh in iúl don Ghearánaí go raibh an post i gceist le bheith ina phost Gníomhach anois, in áit post Ionadaíochta, agus go mbeadh iarratas agus agallamh de dhíth anois de réir na Níosanna Imeachta Roghnúcháin Eatramhacha Nua a leagadh síos. Tar éis dó cur isteach ar an bpost, rinne an Gearánaí a iarratas a aistarraingt nuair a chonaic sé na critéir roghnúcháin, mar nach dtiocfadh leis iad a chomhlíonadh.

D'eisigh an Gearánaí iarratas Sásamh in Éagóracha, ag maíomh gur tairgeadh an post Ionadaíochta dó agus gur ghlac sé leis. D'áitigh sé chomh maith go ndearnadh idirdhealú ina éadan mar nach raibh a leithéid de phoist mar ábhair na gcritéar roghnúcháin agus agallaimh roimhe sin agus nár tugadh aon chomhairle dó maidir le hathruithe sa chleachtas. D'áitigh sé chomh maith gur baineadh as a phost mar Sáirsint Oibriúcháin a aonaid é, go garr tar éis dó bheith curtha ar an eolas maidir leis an gcritéir roghnúcháin nua, gan aon chúis, rud a rinne dochar dá stádas sular chuir sé iarratas isteach ar an bpost.

Is é an phríomhcheist a chuirtear leis an gcás seo ná cé acu ar ionann na cúinsí inar chuardaigh an MSR léiriú spéise ó na trí ONCanna maidir lena suim i bpost Ionadaíochta agus tairiscint an phoist seo. Chonacthas domsa ar léamh réasúnach nach raibh an MSR ach ag iarraidh suim an Ghearánaí sa phost a aimsiú ionas go bhféadfadh an tOifigeach Ceannais moladh a dhéanamh, de réir na gnáthnósmhaireachta agus an ghnáthchleachtais.

Ina aighneachtaí sa chás seo, leag an Ginearálóigeach i gCeannas ATÓÉ béim ar chúis mhór inní go raibh cumhacht lánroghnach an GOC á lagú fiú níos mó i gcúinsí ina mbeadh sraith níosanna imeachta roghnúcháin ann do shocrúcháin Ghníomhacha nó Ionadaíochta. D'aithin mé gur leag seo béim ar roinnt ceistanna a raibh athbhreithniú agus plé breise le déanamh orthu.

Chonacthas dom nach raibh sé de dhíth ag an am ábhartha, de réir na Treorach Riaracháin infheidhmithe, go ndéanfaidh Oifigigh Cheannais aon rud ach duine a mholadh le haghaidh post Gníomhach nó Ionadaíochta. Mar a tharla sa chás seo, nuair a d'fhill an Gearánaí óna shaoire, beartaíodh critéir le haghaidh roghnúcháin don phost Gníomhach de réir Interim Selection Procedures for Career Courses and Overseas Appointments nua a d'fhógair an L-CF i mí Iúil, 2006. Ba é an tOifigeach Ceannais a rinne an cinneadh seo agus chuir an MSR é seo in iúl, go cuí, do na hábhair iarrthóirí, an Gearánaí san áireamh.

Chonacthas dom nach raibh aon fhorais ann chun tacaíocht a thabhairt don áitiú gur baineadh an Gearánaí as a phost mar ONC Oibriúcháin go míchuí nó go raibh baint aige leis an bpost Gníomhach, nó go mbeadh aon tionchar aige ar an bpost Gníomhach.

Ba chás é seo ina raibh nósmaireacht agus cleachtas, a raibh an Gearánaí ag brath orthu, casta i measc na bpróiseas roghnúcháin nua. Chuir mé béim ar go raibh sé ríthábhachtach go ndéanfaí soiléir cén nós imeachta a bhí in úsáid. Ghlac mé leis gur féidir nach raibh aon rud ait ann, de réir an tseanoird, nuair a d'fhág an Gearánaí an cruinniú leis an MSR agus é den tuairim go mbeadh seans réasúnta ann go ndéanfaí an post Ionadaíochta a thairiscint dó. Mar a tharla ina dhiaidh sin, áfach, ba phost Gníomhach a bhí ann agus rinne an tOifigeach Ceannais cinneadh an nós imeachta roghnúcháin a úsáid mar gheall ar oscailteacht agus cothroime. Spreag an MSR an Gearánaí chun iarratas a dhéanamh.

Mhol mé gur cheart go ndéanfaidh na Nósanna Imeachta Roghnúcháin Eatramhacha a bhí faoi athbhreithniú, agus na Nósanna Imeachta Roghnúcháin um Ardú Céime, a bhí á bplé, athbhreithniú ar shocruithe Gníomhacha nó Ionadaíochta a ionchorprú. Mhol mé chomh maith, dá n-aontófaí go gcoinneofaí roinnt den chumhacht lánroghnach, gur cheart go ndéanfaí treoracha a leagan síos maidir le conas cumhacht lánroghnach a chaitheamh a ionchorprú sna nósanna imeachta nua chun réiteach a fháil ar amhras – *140 agus neamhchinnteacht.

Cás 5: Seasta Leis

Aistriú Oifigigh – Easpa trédhearcachta agus oscailteachta – Easpa fógra faoi athruithe beartaithe agus an deis aige iad a chur i ngníomh é féin – Eagla réasúnta go ndearcfaí ar an aistriú mar ‘phostú pionóis’.

D’inis a oifigeach uachtarach don Ghearánaí, Oifigeach i gceannas ar Shainchór, faoi ghearrfhógra, go raibh sé ar intinn aige é a aistriú. Rinne an Gearánaí achomharc ar an gcinneadh seo. Thacaigh Ginearálóifigeach i gCeannas an Ghearánaí leis an achomharc. Bhí an Gearánaí ag fónamh leis na hÓglaigh le beagnach 40 bliain. Dúirt an Ginearálóifigeach i gCeannas nár chuala sé riamh cáineadh nó gearán maidir le feidhmíocht an Ghearánaí riamh agus go raibh taifead ar fheabhas ag an nGearánaí.

Mhaígh an Gearánaí gur chreid sé go réasúnta go mbeadh cead aige a thréimhse ghearr go dtí a scor a chaitheamh ina phost agus go raibh sé ag dréim go réasúnta nach n-inseofaí dó faoi ghearrfhógra go ndéanfaí é a aistriú go háit eile, ag cur anacair faoi leith ar a theaghlach. Bhí eagla air go ndearcfaí ar an aistriú mar ‘phostú pionóis’ agus bhí eagla air chomh maith go ndéanfaí dochar dá chlú dá bharr sin ag deireadh a bhlianta fada de sheirbhís.

Níor ghlac an COS go raibh aon éagóir déanta ar an nGearánaí agus, ina bhreithiúnas, dúirt sé gurb é an rud is fearr don Chór agus do na hÓglaigh, siocair shealbhaíocht fhada an Ghearánaí sa phost, glacadh le moladh go gceapfaí duine nua.

Chonacthas domsa, áfach, nár pléadh aon bhearta maidir le hathrú ar an dóigh inar chomhlíon an Gearánaí a dhualgais leis an nGinearáloifigeach i gCeannas nó leis an nGearánaí. Ina theannta sin, níor cuireadh comhairle riamh ar an nGearánaí nach raibh a obair sásúil nó easnamhach in aon chor. Ghlac mé agus d'aontaigh mé le tuairim an Oifigigh Imscrúdaithe nach raibh struchtúr ag baint leis an gcruinniú ag ar inis Stiúrthóir an Chóir don Ghearánaí faoin aistriú, agus nár tionóladh é de réir an chleachtais is fearr. Ghlac mé chomh maith lena thuairim gur cheart go mbeadh an Ginearáloifigeach i gCeannas, sa chéad áit, ar an eolas maidir le haistriú a Oifigigh ar go leor fáthanna.

Bhí sé de chosúlacht gur tharla míthuiscint idir na páirtithe éagsúla bainteacha maidir le tabhairt faoin gcinneadh a chur in iúl don Ghinearáloifigeach i gCeannas.

Ghlac mé nóta de na ráitis a thug an Ginearáloifigeach i gCeannas, ag tacú le hachomharc an Ghearánaí, nach mbeadh aon bhuntáiste ag baint le hathrú ina cheapachán ag an staid seo ina ghairm dá fhorbairt ghairmiúil, agus nach ndéanadh sé maitheas ar bith dá ionchais ghairme agus go raibh sé leatromach an Gearánaí a aistriú gan deis a thabhairt dó ar dtús aon athruithe a aontaíodh a chur i ngníomh ina fheidhmíocht.

Níor tugadh aon fhógra ceart nó tráthúil don Ghearánaí faoi na hathruithe a bhí beartaithe ag an duine a bhí le teacht ina áit a chur i ngníomh ina aonad. Mar sin, bhí sé réasúnta go dtuigfeadh sé go raibh ceangal cúisíoch idir na ráitis faoina fheidhmíocht, nár luadh go dtí gur insíodh dó faoin gcinneadh maidir lena aistriú. Sheas mé le háitiú an Ghearánaí chomh maith go raibh an dóigh inar láimhsíodh a phostú ina shárú ar Straitéis DF HRM 2006 go 2010, siocair a easpa trédhearcachta agus oscailteachta.

Maidir le cúinsí uile an cháis, bhain mé de thátal as gur cúis aiféala é nár láimhsíodh na hathruithe in aonad an Ghearánaí ar bhealach níos íogaire. Siocair a shinsearachta agus a thaifead ar fheabhas, bhí sé réasúnta intuartha go gcruthódh an t-aistriú, sa dóigh ina ndearnadh é, an eagla a luaigh an Gearánaí, go mbeadh se ina ‘phostú pionóis’ agus go ndearcfaí go diúltach ar a stádas gairmiúil agus go ndéanfaí dochar dá chlu. Caitheadh go héagórach leis an nGearánaí agus ar bhealach nach raibh ag teacht le cleachtas riaracháin inmhianaithe.

Bhí lúcháir orm nuair a d’inis an COS dom gur bhuail sé go pearsanta, tar éis an méid a fuair mé amach, leis an nGearánaí chun an cheist a shoiléiriú agus chun an Gearánaí a chur ar an eolas maidir lena fheidhmíocht an-sásúil ina phost. Mhínigh sé nach raibh sé ar intinn riamh go mbeadh an postú ina ‘phostú pionóis’ agus ghabh sé leithscéal leis an nGearánaí faoi nádúr tobann an phostaithe agus an dóigh inar insíodh don Ghearánaí faoi.

Cás 6: Seasta Leis

Cúrsa ONC – Próiseas Roghnúcháin – Fuair an COS go ndearnadh éagóir ar an nGearánaí – Leibhéal an Réitigh a moladh – Cé acu an raibh sé cóir agus comhréireach nó nach raibh – Gá le soiléireacht i bhfeidhmiú Nósanna Imeachta Roghnúcháin Eatramhacha nua ar Chúrsaí Gairme.

Bhain casaoid an Ghearánaí lena neamhroghnú do 30ú cúrsa ONC Sinsearach mar cheathrú rogha agus céad ionadaí i gcúinsí ina gcruthaítear dhá ról ionadaí {Teicniúil agus Líne} go cúlghabhálach gan aon fhógra. Tharraing an comhalta a roghnaíodh amach as, agus is é an toradh a bhí air seo ná gur ghlac an t-ionadaí eile (sa 5ú háit de réir fiúntais) a áit ar an gcúrsa atá i gceist. D'iarr an Gearánaí go mbeadh sé incháilithe le haghaidh ardú céime go dtí an chéim MSR gan an Cúrsa ONC Sinsearach a chríochnú.

Phróiseáil an Gearánaí a ghearán tríd an nós imeachta Sásamh in Éagóracha. Measadh go raibh an t-iarratas ón nGearánaí go mbeadh sé incháilithe d'ardú céime go dtí an rang MSR gan an Cúrsa ONC Sinsearach a dhéanamh iomarcach. Bhí na forais a leagadh amach mar thacaíocht leis seo réasúnta mar gheall ar impleachtaí agus riachtanais oibríochta go léir na nÓglach. Thug an Ceann Foirne an breithiúnas, áfach, go raibh an próiseas a úsáideadh ag sárú na Nósanna Imeachta Roghnúcháin Eatramhacha d'Ard-Chúrsaí Gairme agus go ndearnadh éagóir ar an nGearánaí ar cheart sásamh a thabhairt air. Bhain an cheist a tháinig aníos leis an achomharc seo chugamsa le cineál agus méid an tsásaimh a bhí le soláthar.

Mar bhealach chun sásaimh a sholáthar tugadh an treoir go dtabharfaí áit don Ghearánaí ar an gcéad Chúrsa ONC Sinsearach eile, a luaithe is a chomhlíonfadh sé na critéir leagtha síos don chúrsa i Siollabas Chúrsa an DDFT. Tugadh an treoir chomh maith go mbeadh an Gearánaí inghlactha d'fholúntas dá mbeadh ceann ann don MSR sula mbeadh an chéad chúrsa ONC Sinsearach eile críochnaithe ag an nGearánaí agus go mbreathnófaí air oiread is dá mbeadh an cúrsa críochnaithe go sásúil aige. I gcúinsí ina molfaí an Gearánaí le haghaidh ardú céime, áfach, ní thabharfaí an t-ardú céime sin dó go dtí go mbeadh an chéad chúrsa ONC Sinsearach eile críochnaithe go sásúil aige. Rinneadh soiléir é nár chuir seo aon bhac air maidir lena leithéid de chéim i gcáil Ghníomhach agus nach dtarlódh aon chaillteanas airgeadais don Ghearánaí. Ar deireadh, bhí an Ceann Foirne toilteanach caillteanas i 'sinsearach' a sheach-chur, dá dtarlódh sé, trí aon ardú céime substaintiúil a shiardhátú.

Mar gheall ar an méid thuasluaite agus ar an gcoinníoll go mbeadh an Gearánaí ag fáil ráta MSR le linn an ama ina raibh sé sa phost Gníomhach, d'fhormhuinigh mé seo agus mhol mé é mar leigheas cóir agus cuí sna cúinsí.

Chuir mé m'ímní in iúl faoin easpa struchtúr, nósanna imeachta agus am-frámaí cruinne do réachtáil na n-achomharc sna Nósanna Imeachta Roghnúcháin Eatramhacha Nua agus an easpa soiléireachta maidir le conas a nascfadh an nós imeachta achomhairc seo leis an nós imeachta Sásamh in Éagóracha. Mhol mé soiléiriú ag baint leis an gceist seo agus leagadh amach am-frámaí do réachtáil na n-achomharc sin.

Mhol mé gur cheart cumarsáid chuimsitheach bheacht thráthuíl a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm nuair a bhí pearsanra á roghnú agus á n-ainmniú do Chúrsaí Gairme agus, chomh luath agus is praiticiúil, go gcuirfí comhairle ar chomhaltaí maidir leis an toradh chun inghlacthacht torthaí agus bainistiú gairme a éascú.

Luaigh an tAire Cosanta, ina fhreagra, go raibh sé ar intinn athbhreithniú foriomlán a dhéanamh ar na Nósanna Imeachta Roghnúcháin Eatramhacha Nua gan mhoill.

Cás 7: Seasta Leis

Bord Sannacháin – Ceapachán Sinsearach – Earráid riaracháin – Baineadh amach as post – Athshannadh – Éifeachtaí Díobhálacha – Breitheamh ina chás féin – Tuilleadh Idirphlé.

I mí Dheireadh Fómhair 2005, shann Bord Sannacháin a thionóil Ginearálóifigeach i gCeannas Bhriogáid 1 an Deiscirt {Bd D} comhaltaí de 1 Bd D Cúltaca do cheapacháin i gComplacht PA Cúltaca 31. Ar dtús cuireadh Sáirsint Complachta {SC} sa phost SC Rannóg 31 Imscrúdaithe Complacht PA Cúltaca agus tugadh post SC – Complacht san Aonad céanna don Ghearánaí. Mar thoradh ar Shásamh in Éagóracha ar an 10 Deireadh Fómhair 2005, d'éiligh an SC a céadainmníodh gur ceapachán sinsearach é ceapachán SC – Complacht agus gur cheart go dtabharfaí an ceapachán sin dó-san siocair a shinsearachta. Le linn an imscrúdaithe sa ghearán, d'aithin Uachtarán an Bhoird Sannacháin gur tharla earráid chléireachais agus gur cheart gur sannadh an SC seo don cheapachán sin. Mar thoradh air seo, rialaigh an Ginearálóifigeach i gCeannas Bd D 1 gur cheart an earráid riaracháin a cheartú trí na ceapacháin i gceist a athrú. Baineadh an Gearánaí as a phost agus bogadh é go post eile.

D'áitigh an Gearánaí gur cuireadh in iúl dó ar an 6 Márta 2006 gur baineadh as a phost mar Sháirsint Complachta é agus go raibh sé sannaithe don Rannóg Imscrúdaithe. Dúirt an Gearánaí gur insíodh dó gur tharla an t-athshannadh seo mar thoradh ar Shásamh in Éagóracha an SC atá thuasluaite.

D'áitigh an Gearánaí go ndearnadh éagóir air sa mhéid gur chomhlíon sé dualgais SC go léir óna phostú ina chéad phost agus liostáil sé a ghairmréim, a scileanna cúrsa, a cháilíochtaí agus a arduithe céime le linn a ghairmréime sna hÓglaigh Cúltaca {agus tugadh tacaíocht agus formhuiniú dóibh seo go léir i Rialú Breithnithe an Chinn Foirne} mar thacaíocht dá incháilitheacht agus seirbhís chun an ceapachán a chomhlíonadh. D'áitigh an Gearánaí gur ionann é a bhaint as an gceapachán SC – Complacht agus a athshannadh go SC Rannóg 31 Imscrúdaithe Complacht PA Cúltaca gan a chead, tar éis cúig mhí sa cheapachán agus íslíú céime, agus go dtarraingeodh sé seo droch-chlú ar a charachtar agus ar a chuid seirbhíse. Luaigh sé chomh maith a scor ón obair, a bhí ag teacht aníos gan mhoill, agus dúirt sé dar leis gur drochrud é agus críoch neamhchuí lena ghairmréim.

Dúirt mé nach páirt de mo shainchúram é scrúdú a dhéanamh ar rudaí a tharla roimh 1 Nollaig 2005.

Áitíodh go raibh cuid mhór taithí ag comhaltaí an Bhoird agus nach ndearna siad ach earráid amháin i láimhseáil líon mór d'athshannacháin. Cé gur thaispeáin seo taifead maith i láimhseáil líon mór athshannacháin, níor chiallaigh sé nach raibh aon earráid i láimhseáil shannadh an Ghearánaí.

Léiríodh dom go bhfuil forálacha in alt 18(c) de Threoir Riaracháin R5 “I ngach cás, tabharfar tosaíocht do ONCanna a chuireann isteach ar cheapachán faoi leith i líonadh na gceapachán sin os cionn ONCanna nach gcuireann isteach ar an gceapachán”. Luadh go bhfuil seo ar an bpáirt den Treoir Riaracháin dar teideal “Sannadh ONC – Ginearálta” ach nach bhfuil sé ar an bpáirt den Treoir Riaracháin dar teideal “Sannadh ONC (BFM, BQME, SC agus Ceathrúsháirsint Complachta)”. Bhí an chosúlacht air, áfach, go raibh dualgas ordaithe ar an mBord Sannacháin tosaíocht a thabhairt ar bhonn tosaíochta.

Ó tharla go raibh an Gearánaí sa phost a chuir sé síos mar a chéad rogha, chaithfí breathnú ar an gceist maidir leis an “éifeacht dhíobhálach” a d’fhulaing sé. Fuair an Ceann Foirne amach nach raibh aon amhras ann faoi stádas agus fiúntas an Ghearánaí agus a rannpháirtíocht leis na hÓglaigh Cúltaca le blianta fada anuas. Tharraing an Ceann Foirne aird chomh maith ar thuairimí Cheann Foirne an Bd D 1 a thug dearbhú pearsanta don Ghearánaí maidir leis an meas a bhí air. Luadh, ina theannta sin, nach bhfulaingeodh an Gearánaí nó an comhalta eile a athshannadh aon mhíbhuntáiste gairme siocair gur bhain an bheirt acu an chéim ONC is airde agus is féidir amach i bPóilíní Airm na nÓglach Cúltaca cheana.

Maidir leis na ceisteanna ag baint le Ginearálóifigeach i gCeannas a bheith mar Bhreitheamh ina chás féin, baineann seo le struchtúr an nós imeachta Sásamh in Éagóracha agus tá sé mar chuid den díospóireacht leanúnach faoin gceist seo. Bhainfí tairbhe as tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar na dóigheanna inar féidir fad a chur idir an Ginearálóifigeach i gCeannas agus cinneadh i gcúinsí ina bhfuil gníomh dá c(h)uid mar ábhar an ghearáin. Tá na prionsabail a pléadh i gcinneadh Ardchúirte an Bhreithimh Barron in Healy v. an Aire Cosanta {Neamhthuairiscithe, Ardchúirt, 7 Iúil 1994} mar bhonn agus thaca ag an ngá le nósanna imeachta córa maidir le próisis roghnúcháin agus arduithe céime go ginearálta sna hÓglaigh agus ní hé amháin i gcúinsí ina bhfuil dul chun cinn ina cheist.

Is é a bhí ag croílár an ghearáin seo ná gur baineadh an Gearánaí as sannadh gan dul i gcomhairle leis.

Sna cúinsí seo, ba dheacair dearcadh an Ghearánaí maidir le conas a d’fhéachfadh a chomhghleacaithe ar a leithéid d’athshannachán a mheas ón taobh amuigh, go háirithe siocair na bhfíricí a cuireadh i láthair maidir leis an nGearánaí agus an comhalta eile a bhí i gceist ag fáil na céime ONC is airde agus is féidir i bPóilíní Airm na nÓglach Cúltaca.

Tar éis mo Réamhthuairisce Deiridh, threoraigh Ceann Foirne Bd D 1 go ndéanfadh a Oifigeach Feidhmiúcháin agus a Oifigeach Tacaíochta Pearsanra tuilleadh plé leis an nGearánaí chomh luath agus a bhí indéanta le cineál éigin de chríoch shásúil a aimsiú. Thacaigh an Ceann Foirne leis an gcur chuige seo.

Ó tharla na cúinsí go léir a bhain leis an gceist seo, mheas mé go raibh sé réasúnta agus críonna é a réiteach ar an mbealach a leagadh síos agus chuardaigh mé dearbhú den toradh i ndiaidh tamaill.

Ghlac an tAire Cosanta le mo mholtaí, go n-eagródh Ceann Foirne Bd D 1 tuilleadh plé leis an nGearánaí i dtreo cineál éigin de chríoch a bheadh sásúil. Bhí lúcháir orm nuair a cuireadh in iúl dom gur pléadh an cheist leis an nGearánaí agus gur ghlac sé leis an leithscéal a thairg na húdaráis.

Cás 8: Seasta Leis

Cúrsa Oifigeach Ionchasach – Cáilíochtaí íosta oideachais – Coibhéis cáilíochta oideachais – Riaradh an phróisis roghnúcháin – Teastas práinne – Maolú ar thionchar neamhfhabhrach an chinnidh.

D'eascair gearán an Ghearánaí as cuisní inar chuir sé iarratas isteach le go mbreithneofaí é ar áit ar an 9ú Cúrsa Oifigeach Ionchasach (COI) a reáchtáladh chun pearsanra liostáilte a choimisiúnú mar Oifigigh laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Níor mhol a OC Oibríochtaí Cladaigh CDR NC é, ar an mbonn nach bhfuil na cáilíochtaí íosta oideachais aige a bhfuil gá leo don chúrsa, is iad sin ar a laghad Grád D i 5 pháipéar Onóracha nó Gnáthleibhéil i suí amháin san Ardteistiméireacht nó cáilíocht tríú leibhéal atá coibhéiseach le HETAC Leibhéal 7 nó níos airde. Tá cáilíochtaí ag an nGearánaí atá coibhéiseach le HETAC Leibhéal 6 {coibhéiseach le Céim Baitsiléara Gnáthleibhéil ar an bhfrámaíocht FETAC/HETAC} agus seachas sin chomhlíon sé na critéir incháilitheachta.

Chuir an Gearánaí isteach iarratas tríd an nós imeachta Sásamh in Éagóracha {SiÉ} agus, ar gach leibhéal, cinneadh nach raibh éagóir déanta air. Mhaígh an Gearánaí freisin nár tugadh an deis dó an Ardteistiméireacht a dhéanamh agus é in Óglaigh na hÉireann. Áitíodh nár bhain an Gearánaí riamh fónamh as an Scéim um Aischistiú Táillí chun an Ardteistiméireacht a dhéanamh agus é in Óglaigh na hÉireann. De réir an Ghearánaí, níor cuireadh riamh deis dá leithéid ar fáil toisc na saindualgas a bhí air in Óglaigh na hÉireann.

Bhain an cheist lárnach le cibé acu an raibh aon bhunús réasúnta nó aon bhonn cirt leis an diúltú an Gearánaí a mholadh leis haghaidh an 9ú COI nó nach raibh. Bhí orm breithniú a dhéanamh ar cibé acu an raibh ionchas réasúnta ag an nGearánaí glacadh leis go nglacfaí lena iarratas áit a fháil ar COI. Chomh maith leis sin, bhí orm teacht ar an tuairim cibé acu ar reáchtáladh na nósanna imeachta roghnúcháin de réir na ngnáthamh cóir agus na gcleachtas riaracháin inmhianaithe nó nár reáchtáladh agus cibé acu an raibh siad éagórach nó nach raibh.

Leag mé béim ar easpa luais chuí, maidir le láimhseáil SiÉ an Ghearánaí, i bpróiseáil an cháis chugamsa tar éis eisiúint Rialú Breithnithe an COS. Cé gur eisiódh an Rialú Breithnithe ar an 7 Meitheamh 2007, ní bhfuair mé atreorú agus comhad an Ghearánaí go dtí 2 Iúil 2007. Bhí mé den tuairim gur cheist shuntasach í seo i bhfianaise annamhacht an COI, go raibh an cúrsa le tosú i mí Iúil 2007 agus nár tagraíodh ar an gcomhad do Theastas Práinne a eisiúint maidir leis an gcás seo.

Thug mé le fios i mo Réamhthuirisc Dearcaidh {RTD} go raibh an chuma ar an scéal gur baineadh míléiriú as an méid a bhí le rá ag an Aire Cosanta mar fhreagra ar cheist sa Dáil – cibé acu an bhféadfaí cáilíochtaí tríú leibhéal a bhreithniú le haghaidh roghnúcháin don chúrsa i gceist, nuair a dréachtaíodh é i leasúchán ar chritéir Incháilitheachta Oideachais ar an 26 Aibreán 2007. Bhíothas ag brath ar an léiriú seo ar fhreagra an Aire chun diúltú moladh a thabhairt go roghnófaí an Gearánaí don COI. Bhí an chuma ar an scéal gur eisíodh an doiciméad dar teideal ‘Clarification of Educational Criteria 9th Potential Officers Course’ ar an 26 Aibreán 2007 gan aon chomhaontú roimh ré chun cáilíochtaí tríú leibhéal a theorannú agus a shrianadh do HETAC Leibhéal 7. Déanta na fírinne, glacadh an comhaontú ag dearbhú an méid sin {dar teideal ‘Conciliation and Arbitration Scheme for the Permanent Force – Conciliation Council Report No. 343 {Meetings Between January 2006 and March 2007} – Representative Association of Commissioned Officers – 9th Potential Officers Course’ go foirmiúil an 29 Bealtaine 2007, i ndiaidh an diúltaithe d’iarratas an Ghearánaí áit a fháil ar an gcúrsa i gceist.

Tá sé deacair a thuiscint, ag breathnú air go hoibiachtúil, conas mar a bheadh sé ag teacht le nósanna imeachta córa go rabhtas ag brath ar aontú foirmiúil ar glacadh leis cúpla seachtain i ndiaidh an diúltaithe an Gearánaí a mholadh mar iarrthóir incháilithe dul san iomaíocht ar fhorais oideachais. De bhreis air sin, níor cuireadh isteach aon fhianaise ag dearbhú aon idirbheartaíochta le PDFORRA {ionadaíocht thar ceann pearsanra liostáilte} maidir leis an gcinneadh critéir oideachais a theorannú do HETAC Leibhéal 7. Ní raibh aon aighneachtaí ann a thug le fios gur tharla aon idirbheartaíocht, más ann di in aon chor, leis na heagraíochtaí ionadaíochta tar éis fhreagra an Aire i nDáil Éireann agus sular eisíodh ‘Clarification of Educational Criteria 9th Potential Officers Course’ dhá lá ina dhiaidh sin. Is díol suntais é freisin gur cinneadh diúltú do mholadh an Ghearánaí roimh an gceist sa Dáil.

Cuireadh Frámaíocht FETAC/HETAC ar bun, faoin Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí in Éirinn, chun éascú a dhéanamh ar bhealach cóir le cáilíochtaí Tríú Leibhéal a mheas, ar bhonn Náisiúnta agus Idirnáisiúnta araon, agus déanta na fírinne bunaíodh í d’fhonn caighdeánú cáilíochtaí a chumasú. Bhí mise deimhin de ón bhfrámaíocht FETAC/HETAC {Doiciméad 2}, gur measadh Leibhéal 4 nó 5 a bheith coibhéiseach leis an Ardeistiméireacht, Leibhéal 6 a bheith coibhéiseach le hArdteastas agus Leibhéal 7 a bheith coibhéiseach le Céim Baitsiléara Gnáthleibhéil. Níor tugadh aon bhunús nó aon bhonn cirt le linn an phróisis roghnúcháin nó imscrúdaithe chun údar a thabhairt le teorannú cáilíochta don chúrsa i gceist do Leibhéal 7 HETAC gan aird ar Leibhéal 6 HETAC.

Ní bhfuair mé aon chúiseanna a tairgeadh don ghearánaí maidir le cén fáth gur úsáideadh Leibhéal 7 HETAC mar shlat tomhais le bheith incháilithe don COI nuair atá sé aontaithe go bhfuil an Ardeistiméireacht coibhéiseach le Leibhéil 4 agus 5 FETAC. Ghlac mé le háitiú an Ghearánaí, nár tugadh an deis dó an Ardeistiméireacht a dhéanamh siocair a shaindulagas agus toisc é a bheith ar muir. Chuir sé seo leis an éagothroime a bhain leis an diúltú don iarratas dul san iomaíocht don Chúrsa i gceist.

I mo Réamhthuirisc Dearcaidh, mhol mé go ndéanfaí athbhreithniú ar choibhéis chóir chothrom nuair atáthar ag cinneadh cáilíochtaí íosta oideachais le hiontráil ar COI le haird ar leith ar cháilíochtaí Ardoideachais agus Oideachais Bhreise ar dócha iad a bheith bainte amach ag ONCanna i gcás, ar cibé cúis, nach bhfuil an Ardeistiméireacht curtha

i gcrích acu. Dá mbeadh níos mó áiteanna ar COIanna ann nó dá mbeidís níos rialta, réiteach cuí a d'fhéadfaí a fháil ar an scéal ná freastal ar an nGearánaí ach áit a tabhairt dó ar COI reatha eile nó gealltanais a thabhairt gan é a chur as an áireamh ar COI amach anseo ar bhonn aoise agus/nó go ndéanfaí cúiteamh leis toisc dáta an ardaithe céime a bheith imithe tharainn. Le haird ar chúrsaí praiticiúla, mhol me go mbreathnófaí ar rogha an tsásaimh chomh gasta agus ab fhéidir. Ba chúis díomá dom é nár cuireadh aon roghanna ar fáil nó nár cuireadh aon mholtaí chun tosaigh ar an gcaoi é seo a bhaint amach.

Tar éis eisiúint mo Thuairisce Deiridh, fuair mé comhfhreagras ón Aire Cosanta ag iarraidh orm breithniú a dhéanamh ar aighneachtaí ón Oifig an COS a tháinig trasna ar eisiúint na Tuairisce Deiridh. I bhfianaise aighneachtaí, moltaí agus soiléirithe breise a chuir an COS chun tosaigh ní raibh mé den tuairim gur chuir na freagraí aon eolas nua ar fáil a d'fhéadfadh mo chinntí a athrú. De bhreis air sin, chuir an Oifig an COS in iúl dom go rabhthas ag cur i gcoinne mo dhlínse déileáil le hábhar an ghearáin maidir le fiúntas nó eile nó ábhar caighdeán oideachais.

Mar fhreagra ar an agóid i gcoinne mo dhlínse bhí mé deimhin de nár tháinig an gearán laistigh de raon alt 5(1)(d)(a) den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann), 2004 le haird ar gach cúinse.

De bhreis air sin chuir an comhfhreagras in iúl don nár aontaigh an COS le mo chinntí go ndearnadh éagóir ar an nGearánaí a raibh gá sásamh a lorg ina leith faoi alt 114 den Acht Cosanta 1954 {arna leasú}. Bhí mé tar éis na nósanna imeachta a chur san áireamh a chuirtear i bhfeidhm agus na caighdeáin incháilitheachta á gcur i bhfios do na baill maille leis an mbealach a riaradh fógart choibhéis na gcáilíochtaí.

Cás 9: Seasta Leis

Aistriú – Díbhunú – Caillteanas pá Theicneora – Ní raibh aon díbhunú foirmiúil ann – Caitheamh leatromach líomhanta – Níor lean an tAire an moladh.

Rinneadh cinneadh ag leibhéal airí Banna Airmheáin Traenála Óglaigh na hÉireann {ATÓÉ} a laghdú agus ansin é a dhíbhunú. Mar sin de, laghdaíodh an Banna ATÓÉ go suntasach agus cónascadh é le Banna Uimh. 1, Scoil Cheoil Óglaigh na hÉireann {SCÓÉ}. Níor dhíbhunaigh an tAire é áfach. Aistríodh baill an Bhanna ATÓÉ ón gCurrach go SCÓÉ i mBaile Átha Cliath go laethúil. Bhí siad ceangailte le hAonad Sholáthar agus Seirbhísí an ATÓÉ ó thaobh riaracháin agus loighistice de ach d'fheidhmigh siad faoi SCÓÉ ó thaobh stiúradh teicniúil agus fostaíochta de.

D'iarr an Gearánaí, ball den Bhanna ATÓÉ, cead ó Stiúrthóir an SCÓÉ post a thógáil mar freastalaí beáir i gColáiste Míleata Bhialann na nOifigeach ar bhonn trialach, ag féachaint le fostaíocht a bhaint amach ann sa todhchaí. D'aontaigh Stiúrthóir an SCÓÉ, agus d'inis sé go mbeadh ag an nGearánaí aistriú amach as an mBanna ATÓÉ dá mbeadh sé ag iarraidh fanacht sa phost ar bhonn buan.

Níos mó ná bliain ina dhiaidh sin, insíodh don Ghearánaí go raibh aige filleadh ar an obair i SCÓÉ nó aistriú láithreach a chuardach go Coláiste Míleata na Seirbhísí Lónadóireachta, agus mar thoradh air sin go gcaillfeadh sé a phá teicneora. Chuir an Gearánaí tús le Sásamh in Éagóracha, ag éileamh gur cheart go mbeadh cead aige leanúint ar aghaidh ina phost mar fhreastalaí beáir ach a phá teicneora a choinneáil chomh maith lena liúntais go dtí go ndíbhunfaí an Banna ATÓÉ.

D'áitigh an Gearánaí go raibh an Banna ATÓÉ díbhunaithe a bheag nó a mhór, agus go raibh seisean, mar sin, ag “fónamh gan cheapachán”, i gcomhréir le LOI 1/98. De réir alt 6 de LOI 1/98, leanfadh pearsanra ag fónamh gan cheapachán a bhí ag fáil pá teicneora ar aghaidh “ag fáil an phá sin ar bhunús pearsanta go sealbhóir”. Luaigh an Gearánaí alt 8 chomh maith a d'fhoráil go ndéanfaí pearsanra ag fónamh gan cheapachán mar thoradh ar atheagrú struchtúrtha a bhí toilteanach bogadh go háit eile a éascú áit ar féidir é.

D'áitigh an Gearánaí chomh maith go raibh an Bhunáit Lóistíochta i mBaile Átha Cliath díbhunaithe freisin, a bheag nó a mhór, cé nach raibh sé díbhunaithe go foirmiúil, agus gur freastalaíodh ar an bpearsanra nach raibh toilteanach taisteal go dtí ATÓÉ mar “ag fónamh gan cheapachán” i nDún Bhaile Átha Cliath agus gur éirigh leo a bpá a choinneáil in ainneoin gur bhog siad go ceapacháin líne. Mar thoradh air seo, d'áitigh an Gearánaí gur caitheadh leis go héagórach.

D'éiligh na frith-áitithe ó na húdaráis mhíleatacha nach raibh an Banna ATÓÉ díbhunaithe go fóill agus mar sin nach raibh an Gearánaí ag “fónamh gan cheapachán” agus nach raibh forálacha LOI 1/98 i gceist. Chuaigh siad in aghaidh éilimh an Ghearánaí chomh maith gur “athlonnaíodh é go héigeantach go Baile Átha Cliath”.

I mo Réamhthuairisc Dearcaidh, thug mé aghaidh ar cheist mo dhlínse ar dhá fhoras. Ar an gcéad dul síos, cheistigh mé an ceist í seo ar cheart í a láimhseáil de réir an phróisis Réitigh agus Eadráin agus mar sin eisiata ag a. 5{1}{d}{i} d'Acht Ombudsman {Óglaigh na hÉireann} 2004. Sa dara háit, cheistigh mé cé acu an raibh baint ag an gceist le heagrú, struchtúr agus le himlonnú na nÓglach agus mar sin go raibh sé lasmuigh de mo dhlínse de bhun fhorálacha s. 5{1}{d}{ii}. Bhí mé sásta, áfach, go raibh an cheist faoi mo dhlínse agus ní bhfuair mé aon áitiú ó na húdaráis i gcodarsnacht leis seo.

D'eisigh mé Tuairisc Deiridh faoin gceist, tar éis tuilleadh áitithe agus soiléirithe ó na húdaráis. Tharla sé, áfach, nach bhfuair an Gearánaí ceachtar tuairisc mar go raibh an seoladh a tugadh dom don Ghearánaí mícheart. Mar thoradh air sin, thug mé deis don Ghearánaí áitithe breise a dhéanamh agus d'eisigh mé Tuairisc Deiridh Fhorlíontach.

Chonacthas dom nár athlonnaíodh an Gearánaí go héigeantach go Baile Átha Cliath mar nach raibh aon drochéifeacht air maidir le ham nó le hairgeadas. Ghlac mé leis chomh maith gur tugadh rogha don Ghearánaí maidir le hathrú gairme agus, má bhí sé seo i gcomhréir le socruithe do bhaill eile, nach mbeadh aon fhoras dóthanach ann chun tacú le héilimh an Ghearánaí gur caitheadh leis go héagórach.

D’áitigh an Gearánaí go ndearnadh socruithe speisialta do bhaill eile i gcúinsí speisialta, agus d’ainneoin gur tugadh dhá dheis cineál na socruithe líomnaithe sin a shoiléiriú le haghaidh pearsanra ag Bunáit Logs Baile Átha Cliath, níor thug na húdaráis mhíleata aon fhreagra ar an gceist ná níor chuir siad aon aighneachtaí ar fáil ina leith. Bhain mé de thátaí as gur chuir an Gearánaí argóint láidir dhiongbháilte chun tosaigh faoi easpa cothroime agus comhréire agus mhol mé go mbeadh sé cuí agus cóir géilleadh d’iarratas an Ghearánaí go dtabharfaí cead dó leas a bhaint as socrú cosúil leis. Ina theannta sin, siocair na moille a tharla de bharr sholáthar an tseolta mícheart, mhol mé go ndéanfaí iarracht mhór an cheist a réiteach chomh luath agus is féidir.

Bhí an-díomá orm nuair a fuair mé litir ón Roinn Cosanta beagnach trí mhí tar éis dom mo Thuairisc Deiridh Fhorlíontach a eisiúint, ag ceistiú mo dhlínse sa cheist seo ar bhunús s. 5(1)(d)(i) agus (ii). Chuir mé in iúl don Roinn go ndearna mé tagairt do na cúrsaí seo i mo Réamhthuairisc Dearcaidh agus nach ndearnadh aon áitiú maidir leis seo thar ceann an Aire laistigh den tréimhse réasúnta cheadaithe don fheidhm sin.

Dhún mé an cas mar cheann inar tharla nár lean an tAire mo mholadh.

Cás 10: Seasta Leis

Roghnú le haghaidh Postaithe Thar Lear – Níor cuireadh an critéir nua do phostú in iúl don Ghearánaí – Nós imeachta Casaoide – Treoir Riaracháin Páirt 26 – Cleachtas riaracháin míchuibhiúil.

Tharla casaoide an Ghearánaí mar nár cuireadh in iúl dó cé acu an raibh sé ar an bpainéal don phostú thar lear nó nach raibh nuair a tháinig an liosta do KFOR amach. Insíodh don Ghearánaí níos moille nach dócha go mbeadh sé ar an bpríomhliosta mar nár fhóin sé sa Libéir. Ba áitiú an Ghearánaí é gur cuireadh in iúl dó nach raibh an fasach “an duine deireanach ar ais, an chéad duine amuigh arís” i bhfeidhm níos mó. Siocair nach raibh an Gearánaí ar sheal dualgais thar lear le 8 mbliana bhí sé ag brath ar an bhfasach go mbeadh an duine a bhí sa bhaile don tréimhse is faide ag dul amach ar dtús. D’áitigh an Gearánaí nár fógraíodh an critéir nua ag am ar bith agus nár cuireadh in iúl don Ghearánaí é ar aon bhealach eile gur coinníoll nó critéir é don phostú thar lear a bhí i gceist.

Chruthaigh an nós imeachta Sásamh in Éagóracha sa chás seo roinnt imní mar gur taispeánadh gurb é an Ginearálóifigeach i gCeannas, a d’eisigh an Rialú Breithnithe, an tÚdarás Roghnúcháin chomh maith. Ina leithéid de chúinsí, is féidir a argóint go raibh sé ag gníomhú mar bhreitheamh ina chás féin, rud a bheadh ina shárú ar nósanna imeachta córa. Ach áitíodh é, áfach, trí fhreagraí ar mo Réamhthuairisc Dearcaidh gur thug an Ginearálóifigeach i gCeannas an tasc maidir leis an bpróiseas roghnúcháin dá fhoireann, rud a lig dó breathnú ar aon choinbhleacht a thiocfadh aníos siocair neamhroghnúcháin, agus cinneadh a dhéanamh maidir leis.

Chonacthas dom nár tugadh an t-eolas don Ghearánaí roimh ré faoin gcritéir agus na cáilíochtaí riachtanacha le haghaidh roghnúcháin. Ba chleachtas riaracháin míchuibhiúil é gan an critéir cáilíochta a fhógairt, agus níor chomhlíon sé Moltaí an Ghrúpa Stiúrtha Comhionannais.

Mhol mé go ndéanfaí an critéir do Sheirbhís Thar Lear a fhógairt, de réir na nósanna imeachta Roghnúcháin Eatramhacha Nua, gan aon amhras a fhágáil maidir leis an gcritéir infheidhmithe agus, áit a gcuirtear critéir speisialta i bhfeidhm, go n-áirítear leis an liosta iad. Mhol mé chomh maith go ndéanfaí soiléir dóibh siúd ag cur a n-ainmneacha ar liosta de shaorálaithe do Sheirbhís Thar Lear nach dtugann a leithéid de ghníomh ráthaíocht dóibh postú faoi leith a fháil.


Tháinig ceist aníos maidir leis an gceart achomhairc a dhéanamh faoi neamhroghnúcháin do L-CF {Taca}. Áitíodh go ndearnadh alt 107 de Threoir Riaracháin Páirt 26 a agairt nuair a bhí dispeansáid ó chleachtas bunaithe agus/nó ó Threoir Riaracháin á lorg. Áitíodh chomh maith, cé gurb é L – CF {Taca} an t-údarás deireanach roghnúcháin le haghaidh Seirbhíse Thar Lear, ní bheadh sé infheidhmithe nó éifeachtach dá gcuirfeadh gach cás neamhroghnúcháin i mBriogáid/Fhoirmíocht chuige le breathnú a dhéanamh air.

Chonacthas dom gur féidir léirmhínithe éagsúla a bhaint as foclaíocht an ailt mar a bhí sé. Dá ndéanfaí an fhoráil seo a leasú chun a sprioc agus a raon a léiriú, bheadh sé in ann míthuiscintí a sheachaint maidir le conas agus cá huair lena agair. Mhol mé go dtabharfaí seo faoi bhráid.

Mhol an Ceann Foirne gurb é an modh is oiriúnaí chun sásamh a sholáthar i gcás an Ghearánaí ná aitheantas a thabhairt nach raibh na nósanna imeachta a úsáideadh de réir an chleachtais is fearr ach gur chuir na Nósanna Imeachta Eatramhacha nua feabhas ar na nósanna imeachta agus go mbreathnófaí go ceart ar aon iarratas ar Sheirbhís Thar Lear sa todhchaí de réir na nósanna imeachta nua sin.

Chonacthas dom go raibh easpa soiléireachta sna nósanna imeachta a úsáideadh i roghnúchán comhaltaí le haghaidh Seirbhíse Thar Lear sa chás seo. Leag mé béim ar go mbeadh sé chun leasa gach duine sa deireadh gur tharraing an Gearánaí aird ar na heasnamh seo mar a rinne agus ón taobh sin de, go raibh bonn cirt lena ghearán. Ghlac mé le háitiú an Chinn Foirne nár fhulaing an Gearánaí ó thaobh a phróifíle gairme de agus go gcuirfeadh na nósanna imeachta nua roghnúcháin le haghaidh an fhónaimh thar lear deiseanna roghnúcháin ar fáil dó.

Ghlac an tAire Cosanta le mo chuid moltaí agus torthaí agus dhearbhaigh sé go ndéanfaí Treoir Riaracháin Páirt 26 a leasú agus a shoiléiriú. Dúirt sé go ndéanfaí é a athdhréachtú mar pháirt d'athbhreithniú agus nuashonrú Rialacháin na nÓglach atá ar siúl faoi láthair.

A person with dark hair, wearing a dark suit jacket and a patterned bracelet, is seated at a desk. They are holding a pen in their right hand and writing in a notebook. Their left hand rests on the desk near the notebook. The background is a light-colored, textured wall.

*Tar éis dom an t-eolas, na soiléirithe nó
aighneacht bhreise a lorgaíodh a d'eascair as
an Réamhthuaisc Dearcadh a bhreithniú
eisím Tuarascáil Deiridh agus cuirtear í faoi
bhráid an Aire Cosanta, an Chinn Foirne
agus an Ghearánaí.*

Gnóthaí Corparáideacha

Bronnadh ar Gheallsealbhóirí agus Imeachtaí ar fhreastail siad orthu

Le linn na chéad bliana iomlána d'OÓÉ a bheith ag feidhmiú, rinne mé iarracht freastal ar an méid is mó comhdhálacha agus fóram agus ab fhéidir liom agus labhairt ag na hócáidí sin. Bhí seo ríthábhachtach chun a chinntiú go raibh comhaltaí agus iarchomhaltaí na nÓglach ar an eolas faoi ról agus shainchúraim na hOifige seo.

I 2007 lean mé ar aghaidh leis an bpolasaí comhpháirteachais agus i measc na bhfóram ar freastalaíodh orthu bhí:

- Comhdháil an *British and Irish Ombudsman Association*.
- Ócáid RACO.
- Ócáid ONET.
- Bronnadh ar mhic léinn ag Dun Ui Mhaoiliosa, Gaillimh.
- Bronnadh ar cheannasaithe ag ATÓÉ, Campa an Churraigh, Cill Dara.

Grúpa Oibre ESCE

Mar a luadh sa tuarascáil bhliantúil anuraidh, bhí sé d'onóir agam páirt a ghlacadh sa Sainghrúpa na hEagraíochta um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip ar chearta daonna agus bunsaoirse phearsanra na bhFórsaí Armtha.

Tá an tionscadal seo á chomhstiúradh ag *Office for Democratic Institutions and Human Rights (ODIHR)* an ESCE agus an *Centre for Democratic Control of Armed Forces (DCAF)* atá bunaithe sa Ghinéiv.

Tá lúcháir orm a thuairisciú go ndéanfar lámhleabhar dar teideal '*The Citizen in Uniform*' a tháirgeadh i mí Bealtaine 2008 mar thoradh ar obair an tSainghrúpa.

Soláthar Foirne

Bhí an leibhéal soláthair foirne san Oifig seo ag an 31 Nollaig 2007 déanta suas de:

- 1 Phríomhoifigeach Cúnta.
- 1 Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin.
- 1 Oifigeach Cléireachais.

Is é seo an leibhéal céanna soláthair foirne le 2006.

Mar a luadh níos luaithe sa tuarascáil seo, fuair an Oifig seo méadú easpónantúil ar an riar cásanna i 2007 agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl go foirmiúil do m'fhoireann bheag as an díograis agus tiomantas éachtach a thaispeáin siad le linn na bliana ag déileáil leis an ualach oibre breise.

Athbhreithniú ar Inniúlacht Inmheánach

Sa chéad ráithe de 2007 bhí sé soiléir go mbeadh ualach oibre na hOifige seo i bhfad níos mó ná a bhí i 2006.

Rinneadh athbhreithniú i 2007 ar an inniúlacht inmheánach chun a chinntiú go bhfuil an OÓÉ in ann an t-ualach oibre breise seo a láimhseáil.

Bhí an t-athbhreithniú mar bhunús ag mo chuid iarratas chuig an Aire cosanta le linn shamhradh 2007 le haghaidh tuilleadh ball foirne agus cóiríocht chuí.

Tionóladh plé tosaigh maidir leis an ngá le hacmhainní breise. Tá súil agam gur féidir dul chun cinn a dhéanamh i ngníomhú ar na riachtanais shonracha agus phráinneacha i 2008.

Áitreabh na hOifige

Bhog an Oifig isteach in áitreabh ag 13/15 Sráid Haiste, BÁC 2 i mí na Nollag 2006. San áitreabh seo tá thrí sheomra ar an gcéad urlár den fhoirgneamh.

I mo Thuarascáil Bhliantúil dheireanach, dúirt mé nach raibh an t-áitreabh seo oiriúnach agus bhí sin mar an gcéanna i 2007. Go háirithe, níl go leor spáis ann don fhoireann, níl áiseanna leormhaithe ann d'fhonn cuairteoirí a fheiceáil, agus tá roinnt ceisteanna tromchúiseanna ann go fóill maidir le dearadh an fhoirgnimh.

Ní raibh aon toradh ar na hiarrachtaí a rinneadh le linn 2007 i dtaobh cóiríocht oiriúnach a fháil.

Tá áitreabh buan de dhíth ar OÓÉ agus is ceist í seo a chaithfear aghaidh a thabhairt uirthi agus a réiteach i 2008.

Cruinnithe Faisnéise le hEagraíochtaí Thar Lear

I 2007 rinne roinnt eagraíochtaí thar lear as réimsí taidhleoireachta agus Ombudsman teagmháil leis an Oifig seo ag cuardach faisnéise ar raon ceisteanna praiticiúla agus teoiriciúla.

D'éascaigh mé roinnt cruinnithe faisnéise le linn 2007 agus tá súil agam go mbeidh mo thaithí maidir le bunú agus oibriú an OÓÉ ina bhuntáiste ag tíortha eile agus iad ag déanamh imscrúdaithe ar ról an Ombudsman i láthair mhíleata.

Cosaint Sonraí

Ta an OÓÉ cláraithe leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Tá an Oifig seo cláraithe chomh maith faoi Scéim um Rochtain Dhíreach Gairme na Comhairle Barra.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta ann don Oifig seo. Tá freagracht na Roinne Airgeadais freagrach as an bpolasaí Sláinte agus Sábháilteachta maidir leis an bhfoirgneamh ina bhfuil an oifig seo faoi láthair.

Polasaí na Gaeilge

Ag an 31 Nollag 2007 ní raibh an Oifig seo ina chomhlacht forordaithe de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

De réir an cleachtais is fearr ar fud na seirbhíse phoiblí, áfach, déanann an Oifig seo iarracht eolas a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla. Foilsítear Tuarascálacha Bliantúla sa dá theanga agus tá www.odf.ie ar fáil sa dá theanga chomh maith.

Cúrsaí Buiséid

Críochnaíodh na cuntais bhliantúla do 2007 agus cuireadh iad faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste go luath i 2008. Agus seo á phriontáil, tá an t-iniúchadh críochnaithe agus tá a theastas eisiithe ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chun gur féidir linn é a chur isteach leis an Tuarascáil Bhliantúil seo. Tá mé fíorbhuíoch dó agus dá fhoireann as seo a phróiseáil in am le mo spriocdháta foilseacháin agus aithním an brú oibre breise a chruthaigh seo.

Tá tuiscint mhaith agam ar mo fhreagrachtaí mar Oifigeach Cuntais don Oifig agus déanaim iarracht de shíor a chinntiú go n-úsáidtear cistí poiblí go críonna éifeachtúil.

Faoi láthair, feidhmíonn an OÓÉ mar fotheideal i meastacháin na Roinne Cosanta. De réir prionsabail ghinearálta Ombudsman, agus an riachtanais go bhfeictear go bhfuil an Oifig seo neamhspleách neamhchlaonta uathrialaitheach, bheadh sé níos oiriúnaí dá mbeadh a vóta féin ag an Oifig seo agus go mbeadh sí freagrach go hiomlán as a buiséad féin. Ta súil agam go ndéanfar dul chun cinn maidir leis an gceist seo le linn 2008.

Polasaí um Shaoráil Faisnéise

Ag an 31 Nollaig 2007 níl an OÓÉ ina chomhlacht forordaithe de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Óna tionscnaimh, dhéileáil an Oifig seo le gach iarratas ar eolas ar bhealach oscailte trédhearcach de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise. Mar bheart polasaí, faigheann gearánaithe cóip de gach tuairisc OÓÉ ag baint lena gcásanna.

Táthar ag dréim go leathnófar an tAcht um Shaoráil Faisnéise chun go gclúdófar an OÓÉ leis agus cuirtear fáilte roimh an bhforbairt seo.

Polasaí maidir le hÚsáid an Idirlín

Tá polasaí ann maidir leis an úsáid a bhaineann foireann na hOifige as an idirlín.

Rúndacht

Tá iontaoibh agus muinín as nósanna imeachta ríthábhachtach d'obair rathúil Ombudsman. Tá rialacha diana ann ag rialáil rúndacht gach cáis nó fiosrúcháin a fhaigheann an Oifig seo.

Is ceist í a bheidh go fóill ina tosaíocht san Oifig seo i 2008.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

AN OMBUDSMAN d'ÓGLAIGH NA hÉIREANN

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair

Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na bearta chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Ombudsman agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Ombudsman freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, agus as rialacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ombudsman na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta an Ombudsman leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Ombudsman an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtugann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtugann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Ombudsman, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Ombudsman ag 31 Nollaig 2007 agus ar an ioncam agus an chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Ombudsman. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth

Le haghaidh agus thar ceann an

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

8 Aibreán 2008

Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

13/15 Sráid Haiste

Baile Átha Cliath 2

t + 353 1 663 3222

f + 353 1 663 3223

g www.odf.ie

r admin@odf.ie